# Moltaí i dtaca le struchtúr agus leithdháileadh ama i gcuraclam athfhorbartha bunscoile: Le haghaidh comhairliúcháin

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Nollaig 2016

# Clár

Réamhrá 1

Cuspóir churaclam na bunscoile **6**

Moltaí le haghaidh comhairliúcháin 9

Cuid 1: An struchtúr a bheadh ar churaclam bunscoile 10

Múnla céimeanna incriminteacha 14

Ailíniú agus leanúnachas curaclaim 16

Oiriúnacht na luathbhlianta sa bhunscoil 17

Oiriúnacht na mblianta déanacha sa bhunscoil 18

Rogha 1: Múnla trí chéim 21

Sochair a bhainfeadh le múnla trí chéim 23

Dúshláin an mhúnla trí chéim 24

Príomhbhéim d'fhoghlaim leanaí 25

Rogha 2: Múnla dhá chéim 26

Sochair a bhainfeadh le múnla dhá chéim 27

Dúshláin 27

Príomhbhéim d'fhoghlaim leanaí 28

**Téamaí, réimsí agus ábhair** **29**

Cuid 2: Leithdháileadh ama 35

A bhfuarthas amach i dtaca le húsáid ama ar fud an churaclaim 40

Fad an lae scoile agus am teagaisc 42

Eispéiris churaclaim na leanaí 43

Múnla molta um leithdháileadh ama 44

Dhá chatagóir ama 45

Íos-leithdháiltí do réimsí curaclaim 47

Focal scoir 51

Tagairtí 52

Aguisín 1: Téamaí *Aistear* 56

**Táblaí**

Tábla 1. Treoirlínte a foilsíodh ó 1999 i leith 2

Tábla 2. Tosaíochtaí bunscoile arna leagan amach de réir líon iomlán na bhfreagróirí 7

Tábla 3. Príomhbhéim d'fhoghlaim leanaí ar fud trí chéim 25

Tábla 4. Príomhbhéim d'fhoghlaim leanaí ar fud dhá chéim 29

Tábla 5. Creat ama íosta seachtainiúil arna mholadh i gCuraclam na Bunscoile (1999) 36

Tábla 6. Creat ama seachtainiúil bunaithe ar Chiorclán 0056/2011 38

Tábla 7. Tátail i dtaca le húsáid am an churaclaim 41

Tábla 8. Cleachtas idirnáisiúnta 42

Tábla 9. Leithdháileadh ama i ndáil le ham roghnach curaclaim, clár an phátrúin, am tionóil, rolla a ghlaoch, sosanna agus fóillíocht 46

Tábla 10. Gnéithe breise den mhúnla leithdháilte ama 47

**Fíoracha**

Fíor 1: Struchtúr reatha churaclam na bunscoile 10

Fíor 2: Seacht gcéim an tsoláthair stáit don oideachas luath-óige, bunscoile agus iar-bhunscoile 11

Fíor 3: Comparáid idirnáisiúnta idir aoiseanna agus céimeanna curaclaim 12

Fíor 4: Contanaim oideolaíochta 15

Fíor 5: Múnla trí chéim do churaclam nua bunscoile 22

Fíor 6: Múnla dhá chéim do churaclam nua bunscoile 26

Fíor 7: Seacht bhfearann foghlama 31

Fíor 8: Réismí curaclaim i ndlínsí eile 32

Fíor 9: Múnla um thuiscint a fháil ar úsáid éifeachtach an ama leithdháilte teagaisc 44

Fíor 10: Múnla molta um leithdháileadh ama i mbunscoileanna 45

# Réamhrá

I mí Mheán Fómhair 2016 bhí Curaclam na Bunscoile (DES, 1999) 17 mbliana ar an bhfód. Foilsíodh an curaclam tar éis deich mbliana de chomhairliúchán agus de phlé agus tá taighde, athbhreithniú agus meastóireacht curaclaim á ndéanamh air ó shin i leith. Tugann an ghníomhaíocht taighde sin léargas ar bhuanna agus ar dhúshláin an churaclaim agus san am céanna tarraingítear aird ar an athrú atá tagtha ar an seomra ranga i rith na mblianta sin. Tá an seomra ranga i bhfad níos dinimiciúla agus níos gnóthaí anois agus bíonn múinteoirí ag freagairt d'éagsúlacht i bhfad níos mó agus iad ag cuidiú le foghlaimeoirí fás agus forbairt a dhéanamh. Le breis is deich mbliana anuas tá dul chun cinn ollmhór déanta ó thaobh na teicneolaíochta de, rud a athraíonn an tslí a ndéanaimid cumarsáid lena chéile, an teacht atá againn ar eolas, an tslí a bpróiseálaimid agus a mbainistímid eolas agus an tslí a smaoinímid agus a bhféachaimid ar an saol mórthimpeall orainn. Sa tréimhse sin freisin tháinig athrú suntasach ar fhorais agus ar struchtúir shóisialta agus bhí borradh geilleagair ann mar aon le cúlú geilleagair ina dhiaidh agus ansin tús le borradh eile. Téann na cúinsí athraitheacha agus athraithe sin i bhfeidhm go dearfach agus go diúltach araon ar eispéiris óige na leanaí agus ar eispéiris saoil a dteaghlach. Le scór bliain anuas tháinig athrú suntasach ar *a mbíonn* sa seomra ranga mar aon le cineálacha na n-*eispéireas* a thugann siad leo; le linn na tréimhse sin freisin is mó agus is mó d'éilimh a rinneadh ar ar an gcuraclam de bharr athruithe sa tsochaí agus a mbíonn an tsochaí ag súil leis ón gcóras oideachais.

An taighde ba bhunús leis an gcuraclam i 1999, bhain sé le ré eile. Chuir sé bonn maith faoin teagasc agus faoin bhfoghlaim i mbunscoileanna. In ainneoin théagar an churaclaim—dhá leabhar in aghaidh an ábhair mar aon le leabhrán eolais— measadh go raibh sé easnamhach (Sugrue, 2004). Anuas air sin, in ainneoin go raibh cur chuige leanbhlárnach i gcroílár fhís an churaclaim, luann múinteoirí *an bhéim a leagtar ar an gcreat teoiriciúil seachas ar an gcreat praiticiúil*, agus an gá a bhíonn ann le tacaíocht bhreise phraiticiúil agus úsáid á baint as acmhainní teagaisc, timpeallachtaí eagraíochtúla, straitéisí difreála, agus bealaí chun scileanna smaointeoireachta ardoird a chothú (NCCA, 2008a, lch 198). Léiríonn cuid de na riachtanais sin an chastacht atá ag teacht ar obair na múinteoirí agus iad ag tacú le gach leanbh chun na foghlama agus na forbartha i seomraí ranga ina bhfuil éagsúlacht níos mó foghlaimeoirí. Mar fhreagairt air sin, d'fhoilsigh CNCM treoirlínte chun tacaíocht phraiticiúil a chur ar fáil do mhúinteoirí agus do scoileanna i dtaca le gnéithe sonracha an churaclaim agus na measúnachta. Tugann Tábla 1 léargas ginearálta ar an iliomad treoirlínte a foilsíodh ó 1999 i leith.

**Tábla 1: Treoirlínte a foilsíodh ó 1999 i leith**

| | |
|---|---|
| Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige (stádas treoirlíne do bhunscoileanna) | 2009 |
| Measúnú i gCuraclam na Bunscoile: Treoirlínte do Scoileanna | 2007 |
| Exceptionally Able Students: Draft Guidelines for Teachers | 2007 |
| Treoirlínte do mhúinteoirí daltaí faoi mhíchumais ghinearálta foghlama (níl ach an leabhrán foramhairc ar fáil i nGaeilge) | 2007 |
| Intercultural Education in the Primary School: Guidelines for Schools | 2005 |
| English Curriculum: Additional Support Material | 2005 |
| English as an Additional Language: Guidelines for Teachers | 2005 |
| ICT in the Primary School Curriculum: Guidelines for Teachers | 2004 |
| Nuatheangacha i mBunscoileanna: Treoirlínte do Mhúinteoirí | 2001 |
| Tionscadal Píolótach ar Nuatheangacha sa Bhunscoil: Treoirlínte don dréacht-churaclam | 1999 |

I rith na tréimhse sin, chuir an Chomhairle uirlisí nua ar líne le chéile freisin, ina measc Uirlis Pheanála Curaclaim (www.nccaplanning.ie), the Gineadóir Cártaí Tuairisce (www.reportcard.ncca.ie), the Uirlisí Aistear (www.ncca.ie/aisteartoolkit) mar aon le hacmhainní do mhúinteoirí i dtaca le raon topaicí, ina measc *Early Literacy*, *Early Numeracy*, *Standardised Tests* agus *School Reports* (www.ncca.ie/parents). Ach ar baineadh úsáid as físeáin, as podchraoltaí agus as láithreoireachtaí ar líne bhíothas in ann cur leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim ar fud an churaclaim ar bhealach nárbh fhéidir a dhéanamh nuair a bhí an curaclam á chur le chéile agus á thabhairt isteach. Cé gur iarr múinteoirí go leor de na tacaí sin chun cuidiú leo a curaclam a léirmhíniú agus a chur i ngníomh, chuir líon agus raon na gcáipéisí treorach sin le téagar cháipéisíocht an churaclaim lena mbíonn múinteoirí ag plé, ar dhíol imní é sin measc múinteoirí i dtaca le 'managing it all' mar a léiríodh sa phlécháipéis a bhain le Comhdháil Oideachais Chumann na Múinteoirí 2015: *materials continued to be prepared by the Department of Education and by the NCCA to support schools to meet their changing needs, and while useful, contributed to a sense of overload among teachers* (lch 7). Léiríonn líon na dtreoirlínte a cuireadh le chéile chun cuidiú le curaclam na bunscoile a chasta agus a ilghnéithí atá curaclam 1999 ó thaobh an teagaisc agus na foghlama i seomraí ranga an lae inniu a bhfuil athrú suntasach tagtha orthu sna seacht mbliana déag atá caite ó foilsíodh an curaclam: *it [the curriculum] is a bit idealistic. It wants to fit every aspect of every subject for every student and that's just not possible* (INTO, 2015, p.20).

Thuairiscigh múinteoirí in dhá athbhreithniú gurbh é ró-ualach curaclaim—an iomarca le déanamh agus gan dóthain ama chuige—na constaicí ba mhó a bhí le hábhair an churaclaim a chur i ngníomh nó le haghaidh a thabhairt ar chuspóirí uile na n-ábhar (NCCA 2005; 2008a). Thuairiscigh múinteoirí, freisin, nach raibh a ndóthain ama acu chun freastal ar raon riachtanas na leanaí, go háirithe i ranganna móra - riachtanais a bhí ag méadú de shíor. Seans gur chuir Ciorclán 0056/2011, a leag amach na chéad chéimeanna i gcur i ngníomh na Straitéise Uimhearthachta agus Litearthachta (2011), ina measc am breise a thabhairt don uimhearthacht agus don litearthacht, seans gur chuir sí leis an dúshlán a bhaineann le curaclam na bunscoile a chur i ngníomh ar an mbealach a samhlaíodh um 20 bliain ó shin.

Le scór bliain anuas tháinig méadú freisin ar líon an taighde a rinneadh ar fhoghlaim agus ar fhorbairt leanaí i mblianta na luath-óige agus na bunscolaíochta. Tugann cuid mhaith den taighde sin léargas ar an g*caoi* a bhfoghlaimíonn agus a bhforbraíonn leanaí i dtréimhse sin na hóige. Tugann *Growing Up in Ireland*, an chéad staidéar fadama ar leanaí in Éirinn (www.growingup.ie), a rinne staidéar ar 18,000 leanbh, léargas ar an bhforbairt atá leanaí a dhéanamh i gcúinsí sóisialta, eacnamaíocha agus cultúir agus ar an gcaoi a ndeachaigh na cúinsí sin a raibh athrú tapa ag teacht orthu, go háirithe le blianta beaga anuas, i bhfeidhm ar shaol leanaí. I dteannta taighde eile, cuireann an staidéar seo ar ár gcumas eispéiris oideachais leanaí in Éirinn an lae inniu a fheiceáil agus a thuiscint níos fearr. Ar fud an taighde, ba ghné shuntasach amháin a bhí ann i gcónaí an caidreamh idir leanaí agus a gcuid múinteoirí agus tábhacht 'chaighdeán' an chaidrimh sin don teagasc agus don fhoghlaim. Tá na caidrimh sin i gcroílár an teagaisc ardchaighdeáin i mblianta na bunscolaíochta, agus tá sé sin ríthábhachtach don rath a bhíonn ar leanaí, rud a léiríonn Bryk agus Schneider (2002) agus Hattie (2012).

Mar aon le taighde nua ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim, agus léargais nua ar eispéiris leanaí i rith bhlianta na bunscolaíochta, iarradh ar CNCM a thuilleadh agus a thuilleadh 'inneachair' nua a chur le curaclam na bunscoile. Meastar go minic gur gnéithe ríthábhachtacha iad scoileanna agus an curaclam, le chéile, chun freagairt do thosaíochtaí nó do riachtanais náisiúnta agus chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna na sochaí. Is léir an méid sin leis an éileamh a rinneadh ar am breise a thabhairt do réimsí reatha an churaclaim, cuir i gcás an tOideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (SPHE) agus an Corpoideachas (PE), agus leis an éileamh a rinneadh ar réimsí nua curaclaim, cuir i gcás Códú, Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus Eitic, Nuatheangacha agus Folláine. Is minic gurb é an toradh a bhíonn ar éileamh ar fhócas níos mó ar ghné faoi leith an churaclaim tionscnaimh, cuir i gcás tionscnaimh shláinte agus tionscnaimh thimpeallachta, is féidir a leagan anuas ar an gcuraclam ina sraitheanna, rud a chuireann le braistint an ró-ualaigh churaclaim.

Léiríonn na héilimh dhifriúla sin ar inneachar breise a mbítear a éileamh ar mhúinteoirí agus ar scoileanna agus iad ag iarraidh an curaclam scríofa a chur i ngníomh do gach leanbh. Ciallaíonn na héilimh sin go mbíonn obair CNCM i dtaca le curaclam na bunscoile a athbhreithniú agus a athfhorbairt níos casta agus níos éilithí.

Rinne foilsiú *Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol*: *An Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga 2011-2020*[1] (An Roinn Oideachais agus Scileanna [DES], 2011) tosaíochtaí an oideachais a choigeartú ach am breise a thabhairt do theagasc teangacha agus na matamaitice. Rinneadh an t-athrú sin gan an leithdháileadh ama ar fud an churaclaim a leasú. Tá an cúram ar CNCM anois comhairle a chur ar fáil i dtaca le leithdháileadh ama ar fud an churaclaim. Ar a chéad fhéachaint, ba chosúil gur tasc teicniúil é comhairle a chur ar fáil i dtaca le leithdháileadh ama. Ach an amhlaidh atá? Ar leibhéal amháin, seans nach mbeadh ann ach athbhreithniú a dhéanamh ar leithdháiltí ama faoi láthair agus iad a choigeartú chun forbairtí ó 1999 i leith a chur san áireamh. I ndáiríre, ní burlaí néata neamhiomaíocha nóiméad iad leithdháiltí ama a dháiltear ar réimsí nó ar ábhair áirithe an churaclaim. Léiríonn siad luachanna agus tosaíochtaí i gcuraclam na bunscoile — an méid is tábhachtach linn dár saoránaigh óga i mblianta múnlaitheacha a n-eispéireas oideachais agus an méid is tábhachtach linn i dtaca le forbairt agus foghlaim leanaí. Téann na tosaíochtaí sin i bhfeidhm, as a aithle sin, ar an gcaoi a leagtar amach an curaclam, ar an gcaoi a leithdháiltear am don teagasc agus don fhoghlaim ar fud réimsí agus ábhair an churaclaim, agus ar an gcaoi a mbaintear úsáid as an am sin.

Leag an *Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta* amach clár oibre d'athchóiriú an churaclaim freisin. Thug sé sin ar CNCM tús a chur le hathfhorbairt churaclam na bunscoile i dtaca le teangacha (Gaeilge agus Béarla) agus ansin leis an matamaitic. Leanadh clár ama na straitéise sin, agus rinneadh an obair sin sula ndearnadh athbhreithniú ar churaclam na bunscoile trí chéile, agus sular foilsíodh *Curaclam* nua *Teanga na Bunscoile* do ranganna ó rang na naíonán go rang a dó ar www.curriculumonline.ie i mí na Nollag 2015. I bhfianaise go dtosóidh scoileanna ag obair leis an gcuraclam nua teanga i rith na scoilbhliana seo, leagann CNCM amach anois moltaí d'athbhreithniú agus d'athfhorbairt churaclam na bunscoile faoi mar a leagtar amach sa *Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta*.

[1] Sa chuid eile den cháipéis seo, tabharfar an *Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta* ar an gcáipéis sin.

I bhfianaise athruithe sa seomra ranga, síor-éileamh athraitheach ar eispéireas na bunscoile, curaclaim phlódaithe, athruithe beartais agus torthaí nua ar thaighde a rinneadh ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim, tá gá agus deis ann féachaint athuair ar churaclam na bunscoile agus an cheist seo a leanas a chur: *conas is féidir é a fheabhsú chun tacú le foghlaim leanaí sna deich mbliana atá romhainn amach?* Tá sé i gceist go gcuirfidh moltaí na cáipéise seo tús leis an bplé tábhachtach seo. Agus sin uile an ról atá acu—tús a chur leis an bplé. Leanfaidh an comhairliúchán seo ar aghaidh go dtí Earrach na bliana 2017 agus úsáidfidh CNCM a thorthaí sin chun forléargas a chur le chéile do churaclam athfhorbartha bunscoile. Úsáidfear an forléargas sin mar bhonn le comhairliúchán breise in 2018.

## Cuspóir churaclam na bunscoile

Meabhraíonn curaclam na bunscoile 1999 dúinn gur caidreamh dinimiciúil agus idirghníomhach é an caidreamh a bhíonn idir an t-oideachas agus an tsochaí. Ní hamháin gur léiriú ar an tsochaí é an t-oideachas ach téann sé i bhfeidhm ar fhorbairt na sochaí sin (lch x). Dá bhrí sin agus muid ag féachaint chun cinn sna deich mbliana atá romhainn amach agus níos faide anonn ná sin, cad é cuspóir an oideachais bhunscoile nó cén cuspóir ba chóir a bheith leis? Sa bhliain 2012, rinne Adam Burk áisitheoireacht do phlé corraitheach ar www.TED.com i dtaca le cuspóir an oideachais. Agus é ag cur deireadh leis an bplé agus aitheantas á thabhairt aige d'éagsúlacht na ndearcthaí, dúirt sé gurb í an cheist seo agus na freagraí uirthi *the shapers of education systems and, in turn, cultures* (Burk arna lua in Sloan, 2012). Tugann an *Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta* (DES, 2011) aitheantas don tábhacht a bhaineann le héabhlóidiú an churaclaim le himeacht ama d'fhonn cúinsí athraitheacha a ghlacadh san áireamh agus ag an am céanna luaitear nach féidir *gach ní inmhianaithe a bheith san áireamh sa churaclam. Ní mór dúinn a bheith réalaíoch i dtaca leis na hionchais a leagaimid síos do dhaltaí, do mhúinteoirí agus do scoileanna. Ní mór dúinn a admháil gurb ionann an curaclam a shainiú agus roghanna a dhéanamh agus tosaíochtaí a leagan síos* (lch 44). In alt dar teideal, *What's the Purpose of School in the 21st Century*, is é tátal Carter, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Association for Supervision and Curriculum Development (ASCD):

> *Research, policy, practice, and common sense confirm that a whole-child approach to education will develop and prepare students for the challenges and opportunities of today and tomorrow. A* whole-child approach is *the belief that each student in each classroom should be healthy, safe, engaged, supported, and challenged.*

Tuiscint úsáideach ar churaclam is ea gurb é atá ann *collection of stories which one generation chooses to tell the next about the world in which they live* (Looney, 2016). Ina fhianaise sin, d'oibrigh CNCM le scoileanna i rith 2010 chun a n-eispéiris ar ró-ualach curaclaim a thiomsú agus chun foghlaim uathu. Tharraing scoileanna aird i rith na hoibre sin ar an tábhacht a bhaineann le soiléire i dtaca le cuspóir churaclam na bunscoile: *…in an increasingly layered, content-laden curriculum, key aims for children's learning and development in primary schools become lost, or at best, difficult to find* (NCCA, 2010c, p.6) and *In exploring practical measures to reduce curriculum overload in our primary schools, it would be worthwhile—and may in any case be necessary—to return to the key questions about what we want of our primary schools today, and what kind of curriculum is most likely to achieve those aims* (NCCA, 2010a, p.37).

Cuirtear trí aidhm ghinearálta an oideachais bhunscoile i láthair sa réamhrá le curaclam na bunscoile:

- a chur ar chumas an pháiste saol iomlán mar is dual do pháiste a chaitheamh, agus a (h)acmhainn mar dhuine uathúil a thabhairt chun críche
- a chur ar chumas an pháiste teacht chun cinn mar neach sóisialta trí chónaí agus chomhoibriú le daoine eile agus sa tslí sin a c(h)ion féin a dhéanamh ar mhaithe leis an tsochaí
- an páiste a ullmhú d'oideachas breise agus d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil.

Cé go bhfuil feidhm leo seo a bheag nó a mhór fós, agus nach féidir cur ina gcoinne, is fearr a bheadh tacar aidhmeanna nó cuspóirí níos spriocdhírithe in ann tacú le hathfhorbairt churaclam na bunscoile agus dá réir sin le heispéiris na múinteoirí agus na leanaí. D'fhonn tógáil ar an obair a rinneadh le scoileanna sna deich mbliana a lean foilsiú an churaclaim, d'eisigh CNCM cuireadh poiblí 'have your say' i dtaca le tosaíochtaí churaclam na bunscoile in 2011/2012. Fuarthas 960 freagra ar fad. Ach a ndearnadh anailís orthusan sonraíodh sé thosaíocht leathana do bhunoideachas leanaí atá ag teacht de bheagán leis na cinn sin a chuir Carter i láthair (féach Tábla 2).

**Tábla 2: Tosaíochtaí bunscoile arna leagan amach de réir líon iomlán na bhfreagróirí (NCCA, 2012)**

| Rangú | Tosaíocht<br>*Ba chóir don oideachas bunscoile...* | Iomlán<br>Líon=960 | |
|---|---|---|---|
| 1 | Cuidiú le leanaí **scileanna saoil** a fhorbairt **trí churaclam leathan**. | 370 | 39% |
| 2 | Cuidiú le leanaí a bheith in ann **cumarsáid mhaith a dhéanamh**. | 358 | 37% |
| 3 | Cuidiú le leanaí **a bheith folláin**. | 347 | 36% |
| 4 | Cuidiú le leanaí **scileanna litearthacha agus uimhearthachta** a fhorbairt. | 346 | 36% |
| 5 | Leanaí a **inspreagadh** agus a **rannpháirtiú**. | 249 | 26% |
| 6 | Cuidiú le leanaí braistint **féiniúlachta agus mhuintearais** a fhorbairt. | 237 | 25% |

Agus na tosaíochtaí sin á n-úsáid mar thúsphointe, agus i bhfianaise na hoibre a rinneadh i dtaca le curaclam comhtháite teanga a fhorbairt agus leis an obair thosaigh a rinneadh ar struchtúr agus leithdháileadh ama an churaclaim, is tráthúil anois go gcuirfimis ceisteanna i dtaobh na caoi ar chóir an curaclam a leagan amach thar ocht mbliana an oideachais bhunscoile. Dá réir sin, tá dhá chuid sa cháipéis seo. Is éard atá i gcuid a haon athmhachnamh ar **struchtúr** an churaclaim agus leagtar amach i gcuid a dó moltaí d'athmhachnamh ar úsáid **ama** ar fud an churaclaim ar bhealach eile seachas an bealach a moladh i gcuraclam 1999.

**Achoimre**

Agus é ag tarraingt ar raidhse fianaise, tugann an réamhrá a ghabhann leis an gcáipéis chomhairliúcháin seo an réasúnaíocht is bonn le féachaint athuair ar churaclam na bunscoile agus an cheist seo a leanas a chur: *conas is féidir é a fheabhsú chun tacú le foghlaim leanaí sna deich mbliana atá romhainn amach?*

- Cuireadh *Curaclam na Bunscoile* (1999) le chéile de bhun taighde agus plé nach beag. Curaclam ba ea é a bhain leis an am ar cuireadh le chéile é. Is mó athrú a tháinig ar an seomra ranga agus ar an tsochaí ó foilsíodh an curaclam sin.
- Agus é ag freagairt d'éilimh múinteoirí ar chúnamh praiticiúil le feidhm a bhaint as curaclam na bunscoile d'fhonn tacú le foghlaim gach uile linbh, chuir CNCM treoirlínte agus acmhainní ar líne le chéile. Cé nár athraigh siad sin a raibh á fhoghlaim ag leanaí, chuir siad téagar leis an méid cáipéisí a úsáideann múinteoirí i scoileanna agus chun críche pleanála sa seomra ranga, rud a chuir le braistint an ró-ualaigh churaclaim.
- Ach ar foilsíodh *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* mar aon le clár athchóiriúcháin don tsraith shóisearach, tá gá le comhtháthú agus leanúnachas níos fearr curaclaim agus leanaí ag gluaiseacht ón réamhscolaíocht chuig an mbunscolaíocht agus ar aghaidh chuig an iar-bhunscolaíocht.
- Éilíodh go ndéanfaí níos mó ama a leithdháileadh ar réimsí reatha an churaclaim, cuir i gcás SPHE. Éilíodh go dtabharfaí isteach réimsí nua freisin, cuir i gcás códú agus ORC agus Eitic. I bhfianaise eispéireas na múinteoirí i dtaca le ró-ualach curaclaim, tá sé tábhachtach go ndéanfaí machnamh ar an bhfoghlaim sin atá tábhachtach do leanaí san oideachas bunscoile.
- Trí thaighde ar theagasc agus ar fhoghlaim, agus de bhun léargas ar eispéiris leanaí i rith bhlianta na bunscolaíochta, is fearr an t-eolas atá againn ar an g*caoi* a bhfoghlaimíonn agus a bhforbraíonn leanaí i rith na tréimhse sin.
- Thug *An Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga 2011-2020* ar CNCM tús a chur le hathfhorbairt churaclam na bunscoile i réimse na teanga agus ansin i réimse na matamaitice. Tá sé tábhachtach go bhféachfaí anois ar churaclam na bunscoile trí chéile.
- Ach a dtabharfaí le chéile na pointí thuas, cuirtear deis agus gá ar fáil chun athfhéachaint a thabhairt ar thosaíochtaí churaclam na bunscoile do na deich mbliana atá romhainn amach.

# Moltaí le haghaidh comhairliúcháin

Téann an chaoi a leagtar amach an curaclam agus an chaoi a gcuirtear treoracha i dtaca le húsáid ama i láthair i gcion go mór ar chineál an teagaisc agus na foghlama i seomraí ranga. Tá ról ríthábhachtach ag an oideachas bunscoile i dtaca le foghlaim fad saoil an linbh agus lena c(h)uid eispéireas agus éachtaí saoil. Cé gur céim faoi leith an oideachais é as féin, tógann an t-oideachas bunscoile ar shaol na leanaí sa bhaile agus ar a gcuid eispéireas luath-óige, ina measc, ó mhí Mheán Fómhair na bliana seo, oiread agus dhá bhliain san oideachas réamhscoile bunaithe ar *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige*. Déanann an t-oideachas bunscoile nasc le heispéireas an teastais shóisearaigh, eispéireas nua atá ag éabhlóidiú.

Faoi mar a luadh cheana, cuireann an páipéar comhairliúcháin seo moltaí nua i láthair do struchtúr curaclaim nua agus de bhun na moltaí sin, moladh i dtaca leis an gcaoi a bhféadfaí am a atheagrú ar fud an churaclaim. Baineadh leas as taighde a rinneadh le déanaí chun na moltaí a chur le chéile, go háirithe:

- *The Primary Classroom: Insights from the 'Growing up in Ireland' Study* (McCoy, Smyth agus Banks, 2012).
- *Curriculum Structures and Stages in Primary Education – Audit of Policy Across Jurisdictions* (Grayson, Houghton, O'Donnell agus Sargent, 2014)
- *Stages in Educational/Cognitive Development – Current Status and Implications* (Morgan, 2014)
- *Student Learning Time – A Literature Review* [OECD Education Working Papers, Uimh. 127] (Gromada agus Shewbridge, 2016)
- *Transition from Preschool to Primary School* – Tuarascáil Taighde Uimh. 19 (O'Kane, 2016)
- *Recommended Annual Instruction Time in Full-time Compulsory Education in Europe 2015/16. Eurydice – Facts and Figures* (An Coimisiún Eorpach/EACEA/Eurydice, 2016).

Um an dtaca seo san obair, ní thugann an páipéar comhairliúcháin aghaidh ar ***inneachar*** an churaclaim athfhorbartha, ach dírítear ina ionad sin ar ***ghnéithe eagrúcháin***. Ar an gcaoi sin, cuirtear creat leathan i láthair faoinar féidir obair a dhéanamh i dtaca le curaclam na bunscoile a athfhorbairt.

## Cuid 1: An struchtúr a bheadh ar churaclam bunscoile

Cuirtear Curaclam na Bunscoile (1999) i láthair ina cheithre shnáithe a chuimsíonn dhá rang nó bhliain. Áitíonn Morgan (2014) gurb é príomhchuspóir na snáitheanna dhá bhliain *a statement of expectations of learners and curriculum objectives are specified for children in each level. The problem is that there is no justification for the consequent stages and no statement of the distinctive features of each stage* (lch 4). Ag an am sin, níor tugadh aon mhíniú soiléir ar an réasúnaíocht a bhain leis an idirdhealú idir na ceithre shnáithe dhá bhliain. I gcás gach aon cheann de na snáitheanna sin, cuireann an curaclam forbairt agus foghlaim leanaí i láthair agus úsáid á baint as na seacht réimse curaclaim chéanna agus as 11 ábhar (Fíor 1) ó rang na naíonán beag go rang a sé. Maidir leis an oideachas reiligiúnach, a chuirtear san áireamh mar réimse curaclaim sa léaráid, is é pátrún na scoile atá freagrach as sin, arbh é a bhí ann go traidisiúnta eagraíocht shainchreidmheach i gcás fhormhór mór na scoileanna.

**Fíor 1: Struchtúr reatha churaclam na bunscoile**





I mí Eanáir 2010 seoladh an clár Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (ECCE), ar a dtugtar *Bliain Réamhscolaíochta Saor in aisce* go coitianta, agus ghlac um 95% de leanaí incháilithe páirt ann in 2015/2016. Cuireadh leis an gclár an 1 Meán Fómhair 2016, tráth ar tugadh teidlíocht do gach leanbh i dtaca le cúram agus oideachas luath-óige státmhaoinithe óna dtríú lá breithe ar aghaidh nó go dtéann siad ar an mbunscoil, ar an gcoinníoll nach mbíonn siad níos sine ná cúig bliana agus sé


mhí faoi dheireadh mhí an Mheithimh sula dtosaíonn siad ar scoil. Chruthaigh an fhorbairt beartais sin, i ndáiríre, 'snáithe' breise, rud a fhágann go bhfuil cúig shnáithe dhá bhliain sa soláthar a dhéanann an stát don oideachas luath-óige agus bunscoile. Tá sé tábhachtach a thabhairt le fios, cé go gcuirtear tús leis an soláthar stáit ag aois trí bliana, go dtacaíonn an dá chreat um chleachtas luath-óige—*Síolta* (CECDE, 2006) agus *Aistear* (NCCA, 2009)—le foghlaim agus le forbairt leanaí ó bhreith.

Is éard atá san oideachas iar-bhunscoile Sraith Shóisearach trí bliana agus Sraith Shinsearach dhá bhliain nó trí bliana, má roghnaíonn mic léinn tabhairt faoin Idirbhliain. Tugtar faoin Idirbhliain díreach tar éis na Sraithe Sóisearaí agus cuirtear eispéireas oideachasúil leathan ar mhic léinn agus feidhmíonn sí mar dhroichead idir clár na Sraithe Sóisearaí agus na Sraithe Sinsearaí. Tríd is tríd, cuimsíonn an soláthar stáit don oideachas ón luath-óige tríd an mbunscolaíocht agus tríd an meánscolaíocht seacht 'snáithe' mar a leagtar amach i bhFíor 2.

**Fíor 2: Seacht gcéim an tsoláthair stáit don oideachas luath-óige, bunscoile agus iar-bhunscoile**



**Fíor 3: Comparáid idirnáisiúnta idir aoiseanna agus céimeanna curaclaim**




Um an dtaca seo, b'úsáideach an rud é féachaint lasmuigh d'Éirinn le fáil amach cén chaoi a leagtar curaclam na bunscoile amach i ndlínsí eile. Tugann Fíor 3 ó *Structures and Transitions in Primary Education - Audit of International policy* (NFER, 2013), spléachadh ar chéimeanna curaclaim i ndeich ndlínse. Baineann formhór na dtíortha a ndearnadh staidéar orthu úsáid as múnla dhá chéim nó trí chéim don churaclam, idir aois trí bliana agus 12 bhliain. Díol spéise faoi leith, i bhfianaise gur tugadh isteach an dara bliain d'oideachas réamhscoile uilíoch le déanaí, gur minic a thrasnaíonn raonta aoise agus céimeanna an churaclaim céim struchtúrach de chuid an oideachais, mar a tharlaíonn le *Aistear* a thrasnaíonn an t-oideachas réamhscoile agus an chéad dá bhliain den oideachas bunscoile. Ar an gcaoi chéanna, sa Bhreatain Bheag, clúdaíonn curaclam Y Cyfnod Sylfaen (céim bhunaidh) do leanaí atá idir trí agus seacht mbliana d'aois céim na réamhscolaíochta agus an chéad dá bhliain den oideachas éigeantach bunscoile—céim amháin a chumhdaíonn eispéiris in dhá chineál dhifriúla de thimpeallachtaí fisiciúla. Mar a chéile freisin, sa Fhrainc, cumhdaíonn an chéad bhliain den chéad chéim de churaclam na bunscoile (sraith an bhunfhoghlaimeora) an bhliain dheireanach den oideachas réamhscoile (páistí atá cúig go sé bliana d'aois), agus is ionann an bhliain dheireanach den chéim dheireanach de churaclam na bunscoile (an tsraith chomhdhlúthúcháin) agus an chéad bhliain den oideachas sóisearach iar-bhunscoile.

I bhfianaise gur cuireadh céim bhreise leis an oideachas i gcomhthéacs na hÉireann ina bhfuil eispéiris na leanaí á múnlú níos mó agus níos mó ag *Aistear*, is tráthúil a fhiafraí an é leagan amach an churaclaim ina bhfuil seacht snáithe agus 11 ábhar an struchtúr is fearr do leanaí agus iad i mbun a gcuid bunscolaíochta. Cé go bhfoghlaimíonn agus go bhforbraíonn leanaí trí na réimsí agus na hábhair chéanna churaclaim ó rang na naíonán beag go rang a sé, aithníonn an curaclam go bhfoghlaimíonn leanaí ar bhealach difriúil, go háirithe i rith an chéad dá bhliain den bhunscolaíocht, i gcomparáid leis an gcuid eile dá n-eispéireas bunscoile. Chomh maith leis sin, agus go stairiúil, tugann an teideal 'naíonáin shóisearacha (bheaga) agus shinsearacha (mhóra)' eispéireas difriúil agus eispéireas atá níos cosúla le heispéireas luath-óige ná le heispéireas foirmiúil scoile, abair. Léirítear é sin, freisin, san amchlár difriúil a mholtar do ranganna na naíonán (DES, 1999).

I dteannta churaclam na bunscoile, baineann go leor múinteoirí a mhúineann ranganna naíonán beag agus mór úsáid as prionsabail agus modheolaíochtaí de chuid *Aistear: Creat Curaclaim don Luath-Óige* (2009) d'fhonn cur lena gcleachtas sa seomra ranga. Thuairiscigh staidéar a rinneadh ar *Aistear* (2009) i dtaca le Curaclam na Bunscoile (Gray agus Ryan, 2016) imní i dtaca le cumas múinteoirí ábhar an churaclaim a theagasc trí mheán an spraoi agus luadh curaclam na bunscoile mar bhac le cur i ngníomh rathúil *Aistear* i ranganna na naíonán. Tá sé sin ag teacht le fianaise idirnáisiúnta ar theannas idir éilimh iomaíocha idir oideolaíochtaí atá bunaithe ar spraoi agus an curaclam. Aontaíonn Shaeffer (2006), agus áitíonn sé go mothaíonn leanaí difríocht mhór sa churaclam nuair a chuireann siad tús leis an mbunscolaíocht agus cuirtear an cheist: *To ease the transition do we formalise the informal…or de-formalise what is usually considered formal? Unfortunately, the former seems to be the trend* (lch 7).

Le cúig go deich mbliana anuas tháinig athrú ar an gcuraclam ar leibhéal na bunscoile i roinnt dlínsí. Ar na príomhchúiseanna a bhí leis an athrú sin tá iarracht i dtaca le caighdeáin a ardú go háirithe i dtaca le gnóthachtáil uimhearthachta agus litearthachta i measc leanaí, béim ar thacú leis an bhfoghlaim níos leithne trí inniúlachtaí agus scileanna a fhorbairt a chuidíonn le daltaí a bheith ina bhfoghlaimeoirí ar feadh an tsaoil agus páirt ghníomhach a ghlacadh sa tsochaí, agus fócas ar chomhtháiteacht agus ar ailíniú níos fearr idir céimeanna difriúla an oideachais. Agus í múnlaithe ar chuid de na cúinsí sin, leagann an Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta (2011) amach tús le hathfhorbairt an churaclaim do bhunscoileanna. Cé go ndíríonn cuid mhaith de sin ar churaclam nua teanga, ar foilsíodh an chéad chuid de i mí na Nollag 2015, agus ar churaclam nua matamaitice, tugann sé ar CNCM athbhreithniú a dhéanamh ar *na torthaí foghlama atá de dhíth in ábhair seachas Béarla, Gaeilge agus matamaitic chun an t-am laghdaithe atá ar fáil do na hábhair seo a chur san áireamh agus chun treoir a thabhairt ar na féidearthachtaí do theagasc agus foghlaim*

*thraschuraclaim* (lch 65). Ina theannta sin, luann an Straitéis an tábhacht a bhaineann le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gcuraclam ina iomláine do naíonáin shóisearacha agus shinsearacha, d'fhonn a chinntiú:

> chun comhsheasmhacht a dheimhniú leis an gcreat Aistear agus tacaíocht agus éascaíocht a dhéanamh don teagasc comhtháite d'ábhair ach go háirithe forbairt na teanga ar fud an churaclaim agus teagasc comhtháite réimsí an oideachais sóisialta, comhshaoil agus eolaíochta, oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte agus oideachas ealaíon (lch 64)

Cén cineál struchtúir churaclaim ba chóir a chur san áireamh, dá bhrí sin, agus curaclam na bunscoile á athfhorbairt?


## Múnla céimeanna incriminteacha

Tugann staidéir a rinneadh ar an bhforbairt chognaíoch agus ar fhorbairt shoch-mhothúchánach agus fhisiciúil leanaí réasúnaíocht láidir um ghluaiseacht ón múnla reatha ina bhfuil ceithre shnáithe dhá bhliain go múnla céimeanna incriminteacha chun curaclam na bunscoile a leagan amach agus a struchtúrú (Morgan, 2014).

> *An incremental model differentiates stages on the basis of children's capacities in cognitive and social/personal development, while recognising that some core principles of learning apply at all stages. In other words, learning experiences should match the distinctive features of children's ways of understanding and relating with the world* (Morgan, 2014, lch 6).

Agus an dearcadh seo a bhaineann le céimeanna á mhíniú aige, leagann Morgan (2014) béim ar an leanúnachas is bonn le forbairt leanaí ag aoiseanna áirithe ach ar an gcomóntacht atá idir céimeanna freisin. Leis an dearcadh sin bheadh prionsabail áirithe a bhaineann le heispéiris foghlama an linbh i gcoiteann idir ranganna ó rang na naíonán go rang a sé ach bheadh an cur chuige teagaisc agus foghlama in oiriúint do luathchéim nó do chéim níos sine. Agus é ag leagan béime ar an athrú incriminteach a thagann ar chumas leanaí chun foghlama agus chun forbartha seachas ar mhórathruithe cáilíochtúla, áitíonn Morgan (2014) gurb é sin an dearcadh inghlactha is forleithne faoi láthair i leith céimeanna laistigh de shíceolaíocht na forbraíochta. Déanann an bealach seo chun an curaclam a leagan amach céimeanna incriminteacha difreáilte a ailíniú leis na comhthéacsanna forbraíocha ina bhfoghlaimíonn leanaí. Tá an difreáil sin ag teacht le dearcadh Morgan (2014) go dtagann athrú ar ghnéithe na foghlama ó chéim go céim. Dá réir sin, ba chóir don fhócas i dtaca le foghlaim leanaí a bheith oiriúnach do gach céim agus go mbainfeadh béimeanna difriúla léi. D'fhéadfaí na béimeanna sin a shamhlú mar a bheadh staideanna ar feadh na gcontanam seo a leanas.

**Fíor 4: Contanaim oideolaíochta**




* Is éard a thuigtear leis an téarma 'faoi threoir an mhúinteora' go ndéanann an múinteoir cinntí tábhachtacha i dtaca lena bhfoghlaimeoidh daltaí, le seicheamhú na foghlama agus le luas na foghlama sin. An curaclam is bonn leis na cinntí sin. Níl an ról seo ag teacht le múnla tarchuir an teagaisc agus na foghlama.

* Tá sé shnáithe phríomhúla san fhoghlaim spraíúil. Is éard atá i gceist (1) caidreamh slán a chothú le leanaí; (2) idirghníomhaíochtaí rannpháirteacha agus spraíúla a chothú le leanaí; (3) deiseanna spraoi a chruthú i ngach gné den teagasc agus den fhoghlaim; (4) luas agus meaitseáil íogair a chinntiú, bunaithe ar eolas ar chonairí forbraíochta; (5) meas ar dhifríochtaí aonair i dtaca le cumas, pearsantacht, aois agus cultúir; agus (6) dul chun cinn agus tairmtheacht a bhainistiú (Walsh, 2015).

Má ghlactar le múnla na gcéimeanna incriminteacha, leagtar amach anseo thíos dhá mholadh do struchtúr curaclaim chun críche a measta. Cé go bhfuil difríochtaí beaga agus suntasacha uaireanta eatarthu, tá na trí áitiú seo a leanas mar bhonn leo go léir.

1. Tá **ailíniú agus leanúnachas** curaclaim ar a dteacht isteach san oideachas bunscoile dóibh agus ar a n-imeacht amach as tábhachtach do gach leanbh. Éilíonn athruithe beartais agus forbairtí curaclaim sa luath-óige agus sa tsraith shóisearach fócas faoi leith air seo agus struchtúr nua do churaclam na bunscoile á mheas.
2. Ní hé **curaclam atá bunaithe ar ábhair** an struchtúr curaclaim is oiriúnaí a thuilleadh chun tacú le forbairt agus le foghlaim leanaí ina **luathbhlianta den bhunscolaíocht**.
3. Is struchtúr tábhachtach curaclaim i gcónaí é do **bhlianta sinsearacha an oideachas bunscoile** é **curaclam atá bunaithe ar ábhair**.

Féachtar ar gach ceann de na pointí sin go hachomair thíos.

## Ailíniú agus leanúnachas curaclaim

De bhun athruithe beartais a rinneadh le déanaí agus a dhéantar go leanúnach sna céimeanna roimh an oideachas bunscoile agus ina dhiaidh sin, tá sé tábhachtach an curaclam 'a nascadh le chéile' ar fud na gcéimeanna agus struchtúr churaclam na bunscoile á mheas. Ba phríomhthéama é an 'nascadh' sin i bhforbairtí curaclaim a rinneadh le déanaí nuair a neadaíodh prionsabail agus modheolaíochtaí *Aistear* sa churaclam nua teanga[2] do ranganna naíonán. I gcás na sraithe sóisearaí, glacann sonraíochtaí nua an churaclaim foghlaim leanaí i mblianta sinsearacha na bunscolaíochta san áireamh. Is féidir ailíniú agus leanúnachas curaclaim a fheiceáil freisin ar leibhéal tosaíochtaí ar fud na gcéimeanna, cuir i gcás, an chaoi a nasctar téamaí *Aistear* go dlúth le hocht bpríomhscil na sraithe sóisearaí.

Trí athbhreithnithe, leag leanaí béim ar an ngá atá le tairmtheachtaí a fheabhsú ag tús shraith na bunscolaíochta, e.g., *the only thing I don't like doing is when I can't play…I miss dressing up as well* (NCCA, 2005, pp.242-243) agus i dtreo dheireadh na bunscolaíochta, e.g., *I would like if maybe for the last few months of the school year you got to try a few of the subjects that you do in secondary school so you'd know what you like and what you could do when you go and you'd have a head-start*[3]. Ní in Éirinn amháin atáthar ag iarraidh an curaclam 'a nascadh' ar fud na gcéimeanna oideachais. Tá an leanúnachas ina bhonn le hathchóiriú curaclaim ar leibhéal na bunscoile i ndlínsí eile chomh maith, cuir i gcás in Albain, nuair a forbraíodh Curriculum for Excellence arb é atá ann contanam amháin curaclaim do dhaoine idir aoiseanna trí bliana agus 18 mbliana, agus sa Bhreatain Bheag.

De bhun íomhánna athraitheacha faoi leanaí mar fhoghlaimeoirí mar aon le léargais ó thaighde i réimse na forbraíochta cognaíche, cuirtear ceisteanna faoi struchtúr oiriúnach curaclaim agus cibé an bhfuil an múnla reatha curaclaim fós ábhartha do ranganna ó rang naíonán go rang a sé. Má ghlactar le chéile iad, leagann téamaí Aistear agus torthaí an iniúchta ar struchtúir churaclaim ar fud 10 ndlínse (NFER, 2014, lch 11-16) béim ar an luach a bhaineann le struchtúr an churaclaim a dhifreáil de réir céime agus na céimeanna a nascadh ag tús agus ag deireadh na bunscolaíochta le céimeanna na luath-óige agus na sraithe sóisearaí.

---

[2] Tá Curaclam nua Teanga na Bunscoile do ranganna ó rang na naíonán sóisearach go rang a dó le fáil anseo www.curriculumonline.ie.

[3] Podchraoladh le Leanaí (NCCA, 2011) http://vimeo.com/82283247

## Oiriúnacht na luathbhlianta sa bhunscoil

Aithníonn an curaclam go dtugann leanaí ar leibhéal an naíonáin an fhoghlaim faoi deara ar bhealach comhtháite:

> *For the young child, the distinctions between subjects are not relevant. What is more important is that he or she experiences a coherent learning process…It is important, therefore, to make connections between learning in different subjects…integration gives children's learning a broader and richer perspective, emphasises the interconnectedness of knowledge and ideas and reinforces the learning process* (DES, 1999, lch 16).

Mar sin féin, baineann an baol leis an struchtúr céanna curaclaim ó naíonáin shóisearacha go rang a sé—seacht réimse curaclaim agus 11 ábhar[4]—go ndéanfadh sé an fhoghlaim agus an fhorbairt a bhriseadh ina bpíosaí gan ghá ar bhealach nach gcuideodh le leanaí óga.

Tharraing múinteoirí bunscoile agus príomhoidí aird ar an dúshlán a bhaineann le comhtháthú curaclaim a chur i bhfeidhm i scoileanna agus i seomraí ranga (NCCA, 2005; 2008). Agus iad ag tagairt do ró-ualach curaclaim go háirithe, roinn múinteoirí na tuairimí seo a leanas i dtaobh an fheabhsúcháin a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an gcuraclam (NCCA, 2010b, lgh 45-52): *Maybe there are just too many subjects…*(lch 46); *I think there needs to be a greater focus on effective integration and the development of skills rather than developing individual subjects.* (lch 51). Agus cuid de na tuairimí sin á bhforbairt acu, d'áitigh freagróirí suirbhé um thosaíochtaí curaclaim gur lú an tábhacht a bhain le réimsí curaclaim agus le hábhair, b'fhéidir, i gcomparáid le meonta agus scileanna saoil a fhorbairt (NCCA, 2012, p.ix). Agus iarmhairtí *Aistear* ar churaclam na bunscoile á bplé, is é a thuairiscigh múinteoir amháin, *huge implications…Bring it on…we need to have our infant curriculum more responsive to the needs of 4-year-old children, but it must note the realities of large class sizes in small rooms with few resources*.(2010b, 2010, p.47).

Agus tosaíocht á tabhairt do chomhtháiteacht na luathfhoghlama agus na luathfhorbartha, baineann *Aistear* úsáid as struchtúr difriúil curaclaim atá bunaithe ar cheithre théama idirnasctha—*Folláine agus Leas, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid, agus Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht*. Déanann na téamaí sin cur síos ar inneachar na foghlama, ina measc meonta dearfacha, eolas agus tuiscint, scileanna agus dearcthaí agus luachanna (féach Aguisín 1 mar a bhfuil spléachadh ar cheithre théama *Aistear*). Trí eispéireas a mbaineann brí agus cuspóir leis, déanann leanaí naisc ar fud na foghlama, déanann siad taiscéaladh ina dtimpeallachtaí agus baineann siad ciall as an saol atá mórthimpeall orthu. Blaiseann leanaí an fhoghlaim ar bhealach iomlánaíoch. Cuireann téamaí

[4] Cé nach bhfuil an fhreagracht as an Oideachas Reiligiúnach ar CNCM, tá sé san áireamh i líon iomlán na réimsí curalcaim agus na n-ábhar.

*Aistear* dearcadh iomlánaíoch i leith leanaí ar fáil mar fhoghlaimeoirí óga agus i leith thosaíochtaí na sochaí i dtaca lena bhfoghlaim agus lena bhforbairt.

Agus gníomhartha á leagan amach chun an curaclam a fheabhsú do ranganna naíonán, éilíonn an Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta (2011) *teagasc comhtháite d'ábhair ach go háirithe forbairt na teanga ar fud an churaclaim agus teagasc comhtháite réimsí an oideachais sóisialta, comhshaoil agus eolaíochta, oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte agus oideachas ealaíon* (lch 64). Ó cuireadh tús le Tionscnamh Teagascóirí Aistear i mí an Mhárta 2010, tharraing múinteoirí a ghlac páirt i gceardlanna agus/nó i gcúrsaí samhraidh *Aistear* béim ar an dúshlán dáiríre a bhaineann le hoideolaíocht spraoi a úsáid laistigh de churaclam atá bunaithe ar ábhair. Mar a léiríonn na ráitis seo a leanas, agus obair á déanamh le hinneachar a chuirtear i láthair laistigh de 11 ábhar, mar aon le braistint an ró-ualaigh churaclaim, is cosúil go mbíonn brú ama agus easpa deiseanna ann aistriú ó eispéiris atá faoi threoir an mhúinteora go cothromaíocht níos fearr idir gníomhaíochtaí atá faoi threoir an mhúinteora agus faoi threoir an linbh.

> *There is the timetabling impact also and when you add on the increased time we are supposed/obliged to give to Maths and English it becomes a bit of a squeeze to do it every single day. The children love it [child-led play], I love it but time, as always, is against us.* (NCCA, 2012, lch 40)

> *feel the curriculum is overloaded and finding an hour [for child-led play] is difficult.* (NCCA, 2012, lch 40)

Seans go gcuirfeadh forbairt bhreise ar struchtúr curaclaim téamach *Aistear* tacaíocht níos mó ar fáil do mhúinteoirí agus iad ag obair le leanaí sa chéad dá bhliain den bhunscolaíocht.

## Oiriúnacht na mblianta déanacha sa bhunscoil

Agus leanaí ag dul ar aghaidh san oideachas bunscoile, méadaíonn a gcumas i leith na smaointeoireachta teibí agus na foghlama (Fisher, 2011). Agus tábhacht ábhar á plé, go háirithe i gcás leanaí ó aois a 11 ar aghaidh, áitíonn Kirk agus Broadhead (2007):

> *subjects constitute the available ways we have of exploring and interpreting the world of subjective experience, of analysing the social environment and of making sense of the natural world. It is through subject study that learners acquire historical, scientific, mathematical and other forms of understanding; and it is through subject study that learners develop the capacity to engage in the distinctive modes of investigation and analysis through which human experience is differentiated and extensions of human understanding are achieved.* (lch 10)

Cé gur féidir ábhair mar fhearainn speisialaithe nó ar leithligh an eolais agus na tuisceana a lua le forbairt chognaíoch leanaí, áitíonn Kirk agus Broadhead go gcuidíonn ábhair le gach gné d'fhoghlaim agus d'fhorbairt leanaí:

> *subjects nurture the sense of achievement, the growth of self-confidence and self-esteem, enthusiasm and enjoyment, the self-understanding that comes through challenge, the capacity to engage and interact with others, and the satisfactions that derive from participation in sport, adventure, the arts and forms of service to the community. In all of these ways subjects, whether approached discretely or in integrated mode, exert a humanising, liberating and ultimately transforming impact on learners* (2007, lch 10).

Agus athbhreithniú á dhéanamh ar fhorbairt an churaclaim bhunscoile i 10 ndlínse, tuairiscíonn Pepper (2008) *the differences between 'subjects' and 'areas' are not hard and fast* (lch 2). Is iondúil gurb é a bhíonn i dtreis i gcuraclaim bhunscoile ábhair a mbíonn go leor díobh ann nó réimsí a mbíonn líon níos lú acu ann agus go mbíonn oiread agus 15 ábhar i gcuraclaim áirithe, sa tSlóivéin mar shampla, nó sé réimse i gcuraclaim eile, cuir i gcás Tuaisceart Éireann (Pepper, 2008; NFER, 2012). Tar éis bhlianta na naíonán sa bhunscoil, an é gur rogha a bhíonn le déanamh idir réimsí curaclaim agus ábhair? Más ar ábhair atá an curaclam bunaithe, cén uair i rith eispéireas bunscoile an linbh ba chóir iad a thabhairt isteach?

As measc an dá rogha, is iondúil gur mó úsáid a bhaintear as réimsí curaclaim seachas as ábhair. Ach a ndéantar anailís ar cháipéisíocht churaclaim, is minic a thagraíonn an réasúnaíocht a thugtar maidir le hathrú ó ábhair go réimsí curaclaim don fhorbairt chognaíoch; don tairmtheacht ó mhodhanna foghlama réamh-bhunscoile; do chomhtháthú curaclaim chun an leas is fearr a bhaint as an bhfoghlaim; don tábhacht a shamhlaítear le hinniúlachtaí traschuraclaim; don ghá a bhíonn ann an curaclam agus measúnacht an churaclaim a shimpliú; nó, don ghá a bhíonn ann curaclam níos inbhainistithe a chur ar fáil (Pepper, 2008). Ní hamháin go bhfuiltear ag gluaiseacht i dtreo struchtúir níos comhtháite curaclaim, de bhun forbairtí a rinneadh le déanaí, ach léiríonn inneachar curaclaim leibhéal ard coinbhéirseachta (Alexander, 2009b).

Cuireann tráchtairí áirithe, cuir i gcás Young, i gcoinne na dtreochtaí sin i mbeartas oideachais, áfach. Athluann Young (2010) gurb é ceann de chuspóirí an oideachais, ar leibhéal scoile freisin, *to ensure that as many as possible of each cohort or age group are able to acquire the knowledge that takes them beyond their experience and which they would be unlikely to have access to at home, at work or in the community* (lch 5-6). Agus é ag tagairt dó sin mar 'powerful knowledge', is dóigh gurb é atá sa ghluaiseacht i dtreo réimsí leathana foghlama (réimsí curaclaim) atá ag imeacht ó ábhair, bagairt do rochtain do gach leanbh ar an smaointeoireacht choincheapúil agus eolas ar leithligh ón ngnátheolas a thugann leanaí leo chun na scoile.  D'fhéadfaí a áitiú go gcuireann an fhoghlaim atá bunaithe ar ábhair deiseanna tábhachtacha ar fáil do leanaí chun tuiscint níos géire agus máistreacht níos fearr a fháil ar na scileanna a bhaineann le feidhmiú go héifeachtach laistigh de dhisciplín áirithe, cuir i gcás, feidhmiú mar staraí nó mar thíreolaí nó mar chumadóir ceoil. Ar an gcaoi

chéanna, áitíonn Alexander, Rose agus Whitehead (1992) gurb ionann cur i gcoinne ábhair i gcuraclam *on the grounds that they are inconsistent with children's views of the world is to confine them within their existing modes of thought and deny them access to some of the most powerful tools for making sense of the world which human beings have ever devised* (lch 23). Agus an argóint sin á forbairt a thuilleadh acu, deir siad *education is an encounter between these personal understandings and the public knowledge embodied in our cultural traditions. The teacher's key responsibility is to mediate such encounters so that the child's understanding is enriched* (1992, lch 23). Fiú i gcás an linbh is óige sa bhunscoil, aithníonn Cullen (2003; arna lua in Hedges agus Cullen [2005]) an tábhacht a bhaineann le hinneachar atá bunaithe ar ábhair a shníomh isteach i struchtúr foghlama agus eolais atá bunaithe ar spéiseanna, agus go dtarlaíonn teagasc agus foghlaim lánchuspóireach nuair a chuireann eolas ábhair na múinteoirí le straitéisí cuí oideolaíochta agus le heispéiris lánbhríocha foghlama do leanaí (Hedges agus Cullen, 2005). Ar bhealach amháin, dá bhrí sin, ní thagann réimsí curaclaim salach ar ábhair sa mhéid is má bhaintear úsáid as réimsí curaclaim nach gá go gceilfeadh sé sin deiseanna ar leanaí ábhair a bhlaiseadh agus leas a bhaint acu mar *communities of debate and argumentation, of exploration and criticism, of conjecture and refutation* (Kirk agus Broadhead, 2007, arna lua in Lambert, 2010, lch 211). Agus seasamh den chineál céanna á léiriú aige, tuairiscíonn Rose (2009) tábhacht an inneachair churaclaim atáthar a leagan amach níos minice agus níos minice mar ábhair chun dul chun cinn leanaí san fhoghlaim a léiriú agus chun tacú leis agus chun a dtairmtheacht chuig an gcéad chéim eile sa dara leibhéal a éascú, agus ag an am céanna úsáid sé réimse leathana foghlama a mholadh do churaclam na bunscoile.

San iniúchadh a rinne sé ar chéimeanna san fhorbairt oideachasúil leanaí, is é tátal Morgan *any curriculum (and by implication, the distinctive emphasis in the various stages of primary school) will reflect not only the needs of children but also the society and culture of the educational system* (2014, lgh 8-9). Ar an gcaoi chéanna, cé go léiríonn treochtaí agus forbairtí fearacht na gceann a dtugtar cuntas orthu thuas gluaiseacht ó churaclaim a chur i láthair mar thacar ábhar nasctha go réimsí foghlama (agus ábhair níos feiceálaí tráth níos déanaí sa bhunscolaíocht) níos leithne agus níos forghabhálaí a úsáid, tá sé tábhachtach cúinsí ábhartha comhthéacsúla a lua i gcás chóras na hÉireann. Orthu sin tá

- sraith bhunscoile ocht mbliana a mbíonn oiread agus dhá bhliain de sholáthar uilíoch réamhscoile do gach leanbh roimhe
- ardú eile féideartha ar aois tosaithe na bunscolaíochta. Sular tugadh isteach an Bhliain Réamhscoile saor in aisce i mí Eanáir 2010, bhí 49% de leanaí ceithre bliana d'aois cláraithe le bunscoileanna. Thit an figiúr sin go 38% in 2015. Tharlódh go rachadh leathnú an chláir um

Réamhscolaíocht saor in aice i mí Mheán Fómhair na bliana seo i bhfeidhm a thuilleadh ar phróifíl aoise ranganna na naíonán sóisearach, agus go dtiocfaidh ardú le himeacht ama ar an aois a bheidh leanaí nuair a aistreoidh siad chun na hiar-bhunscoile.


- traidisiún láidir teagaisc ábhar i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna, fiú amháin i bhfianaise churaclam na bunscoile a neadaíonn na hábhair laistigh de réimsí níos leithne curaclaim
- curaclam nua teanga bunscoile a bheith á thabhairt isteach sa scoilbhliain reatha i dtaca leis an nGaeilge agus leis an mBéarla ó rang na naíonán sóisearach go rang a dó. Tá obair á déanamh ar churaclam nua teanga bunscoile a fhorbairt do ranganna ó rang a trí go rang a sé. Tá dhá chéim sa churaclam comhtháite teanga seo faoi láthair—Céim 1 (naíonáin shóisearacha agus shinsearacha) agus Céim 2 (rang a haon agus a dó).

Ní mór aird faoi leith a thabhairt ar na cúinsí sin agus athrú ar struchtúr churaclam na bunscoile á mheá. Leagtar amach sna leathanaigh seo a leanas dhá rogha, a mbaineann an dá cheann díobh úsáid as múnla céimeanna incriminteacha, i dtaca leis an gcaoi a bhféadfaí curaclam athfhorbartha na bunscoile a leagan amach. Tugann na roghanna le fios cén uair sa churaclam a tharlóidh an difreáil, cibé an gluaiseacht ó théamaí dála *Aistear* go réimsí leathana curaclaim nó go hábhair atá i gceist. Is ionann na pointí sin, i dtéarmaí an-leathan, agus athruithe ar fhoghlaim agus ar fhorbairt leanaí. Ní roghanna gan teorainn iad ach is ann dóibh chun plé a chothú faoin struchtúr is oiriúnaí do churaclam na bunscoile.

## Rogha 1: Múnla trí chéim

Leagann Fíor 5 amach athchoincheapú na gcéimeanna a d'fhéadfadh léiriú níos fearr a thabhairt ar chéimeanna difriúla agus athraitheacha forbraíochta leanaí i rith an bhunoideachais agus ar an gcaoi a dtéann na céimeanna sin i bhfeidhm ar an g*caoi* a bhfoghlaimíonn siad agus ar an *méid* ba chóir dóibh a fhoghlaim. Tugann an cur chuige seo aitheantas do na *funds of knowledge* (Hedges, 2015) a thugann leanaí leo ón mbaile agus ón réamhscoil chun na bunscoile agus tógann sé orthu.

**Fíor 5: Múnla trí chéim do churaclam nua bunscoile**




Chuimseodh Céim 1 sa mhúnla seo an tOideachas réamhscoile saor in aisce a chuirtear ar fáil do leanaí óna dtríú breithlá amach mar aon leis an dá bhliain naíonán sa bhunscoil. Agus é bunaithe ar phrionsabail, ar théamaí agus ar mhodheolaíochtaí *Aistear*, thacódh an curaclam don chéim seo le leanúnachas eispéiris agus dul chun cinn i dtaca le foghlaim leanaí agus chuideodh sé leo tairmtheacht go héifeachtach ón réamhscolaíocht chun na bunscolaíochta. Thabharfadh an chéim seo tosaíocht do theagasc agus d'fhoghlaim spraíúil ar fud an churaclaim agus bheadh an spraoi faoi threoir an linbh ina ghné thábhachtach de sin.

Thagródh Céim 2 ansin do na ceithre bliana 'láir' sa bhunscolaíocht—ranganna a haon, a dó, a trí agus a ceathair. Bheadh an curaclam don chéim seo ina dhroichead idir an cur chuige téamach agus an-chomhtháite i leith an churaclaim i gCéim 1 agus curaclam a bheadh bunaithe ar ábhair i gCéim 3. Thabharfadh an léiriú seo ar churaclam aitheantas d'fhorbairt incriminteach ar chumas cognaíoch linbh maidir le foirmeacha eolais a aithint agus a rangú. Agus úsáid á baint as réimsí curaclaim, leanfadh an struchtúr do Chéim 2 ar aghaidh ag cothú nasc ar fud fhoghlaim agus fhorbairt na leanaí agus ag an am céanna aitheantas a thabhairt dá gcumas i leith na foghlama agus na smaointeoireachta níos teibí. Laistigh de réimsí leathana an churaclaim, bheadh céannachtaí ábhair níos sofheicthe ná mar a bheadh i gCéim 1, rud a chuideodh le cothromaíocht a bhaint amach idir eolas sainábhair agus scileanna agus meonta. Ar an gcaoi sin, thabharfadh Céim 2 deis do leanaí an t-eolas a fuair siad i gCéim 1 a threisiú agus thabharfadh sí deiseanna níos mó agus níos minice dóibh a gcuid eolais a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs faoi leith agus chun máistreacht níos fearr a fháil ar scileanna áirithe.

Bhainfeadh Céim 3 úsáid as struchtúr curaclaim a bheadh bunaithe ar ábhair den chuid is mó. Agus é ag tógáil ar a gcuid eispéireas sna céimeanna roimhe sin, thabharfadh an cineál seo curaclaim deiseanna do leanaí i dtaca le foghlaim bhunaidh dhisciplíneach agus le cineálacha fiosrúcháin agus iniúchta faoi leith a bheadh bunaithe ar ábhair. Chuirfeadh na heispéiris sin ar chumas leanaí leibhéil arda neamhspleáchais a fhorbairt mar aon le braistint láidir díobh féin mar fhoghlaimeoirí. Ach a n-athrófaí go foghlaim a bheadh dírithe níos mó ar dhisciplíní, thacófaí le tairmtheacht leanaí ón mbunscoil chuig an iar-bhunscoil.

Dála múnla ar bith, bheadh idir shochair agus dúshláin i gceist. Cé go leagtar cuid díobh sin amach thíos, níl sé i gceist gur liosta cuimsitheach a bheadh ann ach liosta a chothódh plé ar an bhféidearthach a bhainfeadh le múnla trí chéim mar struchtúr do churaclam athfhorbartha bunscoile. Tugtar na sochair agus na dúshláin agus ansin tugtar spléachadh tosaigh ar ghnéithe d'eispéiris foghlama leanaí agus iad ag gluaiseacht trí na trí chéim.

### Sochair a bhainfeadh le múnla trí chéim

Ar na sochair a bhainfeadh le curaclam a chur i láthair agus a leagan amach ina thrí chéim, bheadh:

- Léireodh na coincheapa, na meonta, an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus na dearcthaí sonraithe tosaíochtaí d'fhoghlaim leanaí de réir chéim áirithe a bhforbartha agus leibhéal a neamhspleáchais mar fhoghlaimeoirí. Thacódh úsáid a bhaint as trí chéim le leibhéal níos mó difreála sna tosaíochtaí ar fud eispéireas bunscoile leanaí le hais mar a dhéanfaí le múnla dhá chéim mar a leagtar amach i Rogha 2.
- Chuirfeadh trí chéim deiseanna ar fáil chun tosaíocht agus tacaíocht a thabhairt do chleachtais áirithe oideolaíochta a úsáid, cleachtais a dtugtar le fios fúthu i dtaighde go mbíonn siad éifeachtach agus tábhachtach d'fhoghlaim leanaí, cuir i gcás, úsáid a bhaint as spraoi faoi threoir an linbh i luathbhlianta na bunscolaíochta nó úsáid a bhaint as foghlaim a bheadh bunaithe ar fhadhbanna chun coincheapa a iniúchadh go domhain agus chun scileanna a fhorbairt i mblianta sinsearacha na bunscolaíochta. D'fhéadfadh go leathnófaí cleachtais oideolaíochta lasmuigh den seomra ranga, cuir i gcás, i dtaca le moltaí maidir leis an gcaoi a bhféadfadh tuismitheoirí tacú le foghlaim leanaí sa bhaile, trí chineálacha difriúla tascanna oibre baile ina measc.
- D'admhódh an múnla go bhfuil céimeanna na foghlama agus na forbartha níos casta agus níos soghluaiste ná múnla dhá chéim lena mbeifí ag súil leis go leanfadh leanaí ar aghaidh go díreach

ón bhfoghlaim atá bunaithe ar théamaí nó ar réimsí curaclaim go foghlaim atá bunaithe ar ábhair.

- Seans gur fearr d'oirfeadh an múnla trí chéim do thairmtheachtaí éifeachtacha idir earnálacha agus eispéiris foghlama leanaí i ranganna na naíonán ag teacht níos mó lena gcuid eispéireas réamhscoile. Ar an gcaoi chéanna, seans go dtacódh an leanúnachas níos fearr eispéiris agus dul chun cinn i dtaca le foghlaim leanaí agus iad ag gluaiseacht ón mbunscolaíocht chuig an iar-bhunscolaíocht.

### Dúshláin an mhúnla trí chéim

Ar na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith ag baint le curaclam a cur i láthair agus leagan amach ina thrí chéim, bheadh:

- Ach a mbainfí úsáid as téamaí *Aistear* agus a dtarraingeofaí ar a phrionsabail, mholfadh an múnla seo struchtúr curaclaim chomhtháite agus úsáid na hoideolaíochta spraíúla don teagasc agus don fhoghlaim i gCéim 1. B'ionann é sin agus imeacht suntasach ó leagan amach agus ó chur i láthair an churaclaim (1999), agus i gcás múinteoirí áirithe[5], b'ionann é agus athrú ó chuir chuige reatha theagaisc.
- Seans go dtabharfadh poitéinseal an mhúnla maidir le tacú le cuir chuige níos difreáilte i leith an teagaisc agus na foghlama ar fud na dtrí chéim dúshlán an chórais. Mar shampla, cén chaoi a bhféadfadh oiliúint tosaigh múinteoirí tacú leis an múinteoir aonair agus a chur ar a gcumas obair a dhéanamh ar fud na dtrí chéim? Cén chaoi a bhféadfadh forbairt leanúnach ghairmiúil tacaíocht bhreise a thabhairt do mhúinteoirí agus iad ag cur lena saineolas gairmiúil d'fhonn obair a dhéanamh leis na trí chéim uile?
- Seans go dtabharfadh an múnla dúshlán a bhainfeadh le féiniúlacht, earcaíocht agus forchéimniú gairme múinteoirí. Níor mhór a bheith cúramach gan céim faoi leith den churaclam a shannadh do mhúinteoirí agus gurbh é sin an ghné ba mhó a shamhlófaí lena ngairm mhúinteoireachta. D'fhéadfadh go mbeadh iarmhairt ag baol na speisialtóireachta i gceann amháin de na trí chéim ar chonair ghairme múinteoirí. An bhféadfadh go ndéanfaí earcaíocht múinteoirí, nó ardú céime múinteoirí fiú, a nascadh le céim faoi leith an churaclaim, rud a chúngódh deiseanna fostaíochta do mhúinteoirí áirithe?

---

[5] Ó Earrach na bliana 2010, ghlac um 18,000 múinteoir páirt i gceardlanna *Aistear* agus/nó i gcúrsaí samhraidh a chuir Ionaid Oideachais ar fáil. Is ann do na hócáidí forbartha leanúnaí gairme seo chun tacú le múinteoirí úsáid a bhaint as prionsabail agus modheolaíochtaí *Aistear* mar bhonn lena gcleachtas sa seomra ranga le naíonáin shóisearacha agus shinsearacha.

- Seans go dtabharfadh múnla na dtrí chéim dúshlán scoileanna beaga ag a bhfuil seomraí ranga ilghráid agus go háirithe scoileanna dhá oide nó ceithre oide, áit a mbeadh múinteoirí ag obair le dhá struchtúr dhifriúla curaclaim. Is ionann scoileanna dhá oide agus ceithre oide agus 18% de bhunscoileanna agus 4.3% de leanaí sa bhunscolaíocht (DES, scoilbhliain 2015/2016).

- Cé go bhféadfadh múnla na dtrí chéim dul i bhfeidhm go dearfach ar thairmtheacht leanaí ón réamhscoil chuig an mbunscoil agus ón mbunscoil chuig an iar-bhunscoil, seans go gcruthódh sé dúshlán nua tairmtheachta do mhúinteoirí a bheadh ag gluaisteacht idir céimeanna, cuir i gcás, ag gluaisteacht ó rang a ceathair i gCéim 2 go rang a cúig i gCéim 3, agus do leanaí a bheadh ag gluaiseacht ó fhoghlaim fhíorchomhtháite a bheadh bunaithe ar théamaí go réimsí curaclaim agus ansin go hábhair.

## Príomhbhéim d'fhoghlaim leanaí

Cé go mbeadh eispéiris choitianta a bheadh ag teacht le breathnóireachtaí Morgan (2014) ina mbonn le foghlaim leanaí ag gach céim, seans go bhféadfaí fócas na foghlama agus na forbartha i ngach céim a idirdhealú sna bealaí a leagtar amach i dTábla 3 anseo thíos.

**Tábla 3: Príomhbhéim d'fhoghlaim leanaí ar fud trí chéim**

| Céim 1 | Céim 2 | Céim 3 |
|---|---|---|
| ▪ Tacú le tairmtheacht agus leanúnachas ón réamhscolaíocht chuig an mbunscolaíocht<br>▪ Inniúlacht agus muinín i dtimpeallacht nua a thógáil<br>▪ Caidrimh a chothú<br>▪ Foghlaim trí spraoi faoi threoir an linbh agus trí eispéiris spraíúla<br>▪ Gnáthaimh agus struchtúr níos foirmiúla foghlama á dtabhairt isteach de réir a chéile<br>▪ An timpeallacht a úsáid mar an tríú múinteoir<br>▪ Bonnsraith láidir teanga ó bhéal a leagan síos | ▪ Idirghníomhaíocht, comhoibriú, foghlaim ghníomhach<br>▪ Eolas inneachair a thógáil agus forbairt choincheapúil trí eispéiris na foghlama comhtháite<br>▪ Líofacht a fhorbairt i dtaca le scileanna agus eolas a chur i ngníomh<br>▪ Caidrimh a chothú agus a leathnú | ▪ Braistint níos láidre i dtaca le féiniúlacht, féinmheas, athléimneacht mhothúchánach agus diongbháilteacht<br>▪ Cumas níos fearr i dtaca le fadhbanna a réiteach agus smaointeoireacht ardoird<br>▪ Neamhspleáchas agus treallús níos fearr<br>▪ Bonnsraith a leagan síos d'fhoghlaim shainiúil ábhair san iar-bhunscoil<br>▪ Ilghnéitheacht caidreamh a bhainistiú |

## Rogha 2: Múnla dhá chéim

Tugann Fíor 6 an dara rogha do struchtúr nua curaclaim bhunscoile. Dhá chéim atá sa mhúnla seo, agus tugtar aitheantas arís d'eispéiris shuntasacha oideachais a bheadh ag leanaí sula dtagann siad chun na bunscoile agus go mbeadh sé tábhachtach go dtógfadh a n-eispéireas luathscoile orthusan.

**Fíor 6: Múnla dhá chéim do churaclam nua bunscoile**




Fearacht Rogha 1, bheadh Céim 1 bunaithe ar théamaí, ar phrionsabail agus ar chuir chuige *Aistear* agus is éard a bheadh ann an dá bhliain *réamhscoile saor in aisce*, an dá rang naíonán agus rang a haon agus a dó. Thacódh leanúnachas an eispéiris foghlama a bhainfeadh le struchtúr coiteann curaclaim i dtimpeallachtaí réamhscoile le forbairt leanaí agus lena dtairmtheacht idir an dá thimpeallacht. Tríd an difreáil, d'fhéadfadh múinteoirí leathnú agus dúshlán eispéiris foghlama na leanaí a chinntiú agus iad ag tairmtheacht isteach i ranganna a haon agus a dó d'fhonn tacú lena bhforbairt choincheapúil agus eolais mar aon lena scileanna, meonta, dearcthaí agus luachanna a fhorbairt.

Chuimseodh Céim 2 rang a trí go rang a sé agus bheadh sí bunaithe ar ábhair churaclaim. Chuirfí tús le curaclam bunaithe ar ábhair ag aois níos óige sa rogha seo i gcomparáid le Rogha 1 (úsáid a bhaint as trí chéim agus díriú ar ábhair i ranganna a cúig agus a sé amháin). I Rogha 2, d'fhoghlaimeodh leanaí trí ábhair ó rang a trí agus d'fhéadfaí naisc a dhéanamh leis an gcuraclam don Chéad Bhliain den tSraith nua Shóisearach san iar-bhunscolaíocht.

Fearacht mhúnla na dtrí chéim i Rogha 1, bheadh idir sochair agus dúshláin ag baint leis. Leagtar cuid díobh sin chun tacú le plé i dtaobh na féidearthachta a bhainfeadh le múnla dhá chéim mar struchtúr do churaclam athfhorbartha bunscoile. I ndiaidh na sochar agus na ndúshlán tá spléachadh tosaigh ar ghnéithe d'eispéiris foghlama leanaí agus iad ag gluaiseacht tríd an dá chéim.

### Sochair a bhainfeadh le múnla dhá chéim

Ar na sochair a bhainfeadh le curaclam a chur i láthair agus a leagan amach ina dhá chéim, bheadh:

- Léireodh na coincheapa, na meonta, an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus na dearcthaí sonraithe tosaíochtaí d'fhoghlaim leanaí de réir chéim áirithe a bhforbartha agus leibhéal a neamhspleáchais mar fhoghlaimeoirí. Ba lú, áfach, leibhéal na difreála agus an athraithe a bheadh le feiceáil sna tosaíochtaí sin ná mar a bheadh i múnla trí chéim i bhfianaise líon níos lú céimeanna.
- Fearacht mhúnla na dtrí chéim, ach a mbeadh dhá chéim ar leithligh ann bheadh deis ann tosaíocht agus tacaíocht a thabhairt do chleachtais áirithe oideolaíochta, cleachtais a dtugtar le fios fúthu sa taighde go mbaineann tábhacht agus éifeacht nach beag leo d'fhoghlaim leanaí.
- Arís eile, fearacht mhúnla na dtrí chéim, seans go dtacódh an leanúnachas níos fearr eispéiris agus dul chun cinn i dtaca le foghlaim leanaí agus iad ag gluaiseacht ón mbunscolaíocht chuig an iar-bhunscolaíocht. Sochar eile a bhainfeadh le múnla an dá chéim ba ea líon níos lú pointí tairmtheachta ó thaobh struchtúr an churaclaim de do mhúinteoirí agus do leanaí. Gan ach dhá chineál struchtúir churaclaim ann, seans go mbeadh sé níos éasca ar mhúinteoirí gluaiseacht idir na céimeanna i dtaca leis na ranganna a bheadh á múineadh acu.
- Seans gurbh fhearr a d'oirfeadh múnla an dá chéim do scoileanna beaga i gcomparáid le múnla na dtrí chéim. Mar a luadh sa spléachadh ar na dúshláin a bhainfeadh leis an dara múnla sin, seans gur thábhachtaí a bheadh an oiriúint sin do scoileanna dhá oide agus ceithre oide. I gcás scoileanna níos mó, seans gurbh fhearr a d'oirfeadh múnla an dá chéim do scoileanna sóisearacha agus sinsearacha ná mar a d'oirfeadh múnla na dtrí chéim nuair ba é a bheadh sna scoileanna sóisearacha ranganna na naíonán go rang a dó agus ba é a bheadh sna scoileanna sinsearacha ranganna a trí go rang a sé.

### Dúshláin

Ar na dúshláin a bhainfeadh le curaclam a chur i láthair agus a leagan amach ina dhá chéim, bheadh:

- Fearacht mhúnla na dtrí chéim, b'ionann rogha an dá chéim freisin agus imeacht suntasach ó leagan amach agus ó chur i láthair an churaclaim (1999), go háirithe an struchtúr

fíorchomhtháite agus an oideolaíocht spraoi a mholtar don teagasc agus don fhoghlaim i gCéim 1. Mar a luadh roimhe seo, cé go mbeadh eolas ag go leor múinteoirí ar an gcineál seo oideolaíochta, b'athrú suntasach ar chleachtas an tseomra ranga a bheadh ann do go leor acu. Ach a gcuirfí rang a haon agus a dó san áireamh i gCéim 1 sa mhúnla seo, bheadh ar mhúinteoirí leibhéil nach beag difreála a úsáid, cuir i gcás, d'fhonn a chinntiú go gcuirfeadh foghlaim a bheadh bunaithe ar spraoi leibhéal leordhóthanach dúshláin ar fáil ionas go ndéanfadh leanaí dul chun cinn.

- Bheadh cuir chuige dhifriúla i leith an teagaisc agus na foghlama de dhíth don dá chéim sa mhúnla seo. Fearacht mhúnla na dtrí chéim, thabharfadh sé sin dúshláin an chórais, cuir i gcás, i dtaca le hoiliúint tosaigh múinteoirí a dhearadh agus a struchtúrú agus lena chinntiú go bhfreastalódh forbairt ghairmiúil leanúnach riachtanais na múinteoirí i gCéim 1 agus i gCéim 2. Seans, áfach, gur lú leibhéal an dúshláin a bheadh ann ar leibhéal córais i gcomparáid le múnla na dtrí chéim.
- Fearacht mhúnla na dtrí chéim, seans go dtabharfadh an múnla an dá chéim dúshlán a bhainfeadh le féiniúlacht, earcaíocht agus forchéimniú gairme múinteoirí. I gcomparáid le múnla na dtrí chéim, d'fhéadfaí a áitiú gur lú an baol a bheadh ann go measfaí céim amháin a bheith níos tábhachtaí ná céim eile, agus gur lú an baol, dá bharr, go rachadh céim faoi leith an churaclaim i bhfeidhm go suntasach ar dheiseanna múinteoirí gluaiseacht idir scoileanna agus iarratas a dhéanamh ar ardú céime.
- Seans go dtabharfadh múnla an dá chéim dúshlán níos mó ná múnla na dtrí chéim i dtaca le hailíniú le Curaclam Teanga na Bunscoile (2015; www.curriculumonline.ie). Cuireann an curaclam nua teanga tacar torthaí foghlama ar fáil don dá chéim—Céim 1 (naíonáin shóisearacha agus shinsearacha) agus Céim 2 (rang a haon agus a dó). Ach a n-athrófaí go struchtúr curaclaim dhá chéim níor mhór na torthaí foghlama sin a chur i láthair tráth a mbeadh scoileanna chun cinn go maith ó thaobh chur i ngníomh an churaclaim theanga de.

### Príomhbhéim d'fhoghlaim leanaí

Cé go mbeadh eispéiris choitianta ina mbonn le foghlaim leanaí ag gach céim, seans go bhféadfaí fócas na foghlama agus na forbartha i ngach céim a idirdhealú sna bealaí a leagtar amach i dTábla 4 anseo thíos.

**Tábla 4: Príomhbhéim d'fhoghlaim leanaí ar fud dhá chéim**

| Céim 1 | Céim 2 |
|---|---|
| ▪ Tacú le tairmtheacht agus leanúnachas ón réamhscolaíocht chuig an mbunscolaíocht<br>▪ Inniúlacht agus muinín i dtimpeallacht nua a thógáil<br>▪ Caidrimh a chothú<br>▪ Foghlaim trí spraoi faoi threoir an linbh agus trí eispéiris spraíúla<br>▪ Gnáthaimh agus struchtúr níos foirmiúla foghlama á dtabhairt isteach de réir a chéile<br>▪ An timpeallacht a úsáid mar an tríú múinteoir<br>▪ Bonnsraith láidir teanga ó bhéal a leagan síos | ▪ Braistint níos láidre i dtaca le féiniúlacht, féinmheas, athléimneacht mhothúchánach agus diongbháilteacht<br>▪ Foghlaim trí réiteach fadhbanna<br>▪ Neamhspleáchas agus treallús a chothú<br>▪ Eolas agus tuiscint a threisiú agus máistreacht a fháil ar scileanna trí fhoghlaim shainiúil disciplín<br>▪ Caidrimh a bhainistiú<br>▪ Ullmhú don tairmtheacht chun na hiar-bhunscolaíochta |

Leagann na roghanna a thugtar thuas amach dhá fhéidearthacht do struchtúr nua don churaclam bunscoile. Mar sin féin níl ann ach **dhá rogha**. Agus roghanna nó teaglaim Roghanna 1 agus 2 á meá, is í an cheist is tábhachtaí is dócha, *cén uair i rith eispéireas bunscoile an linbh ba chóir ábhair a thabhairt isteach? Ar chóir do churaclam athfhorbartha bunscoile úsáid a bhaint as téamaí dála Aistear do ranganna na naíonán (agus don dá bhliain Réamhscoile saor in aisce) agus a iompú ina n-ábhair ó rang a haon ar aghaidh? Ar chóir úsáid a bhaint as téamaí dála Aistear chun an curaclam a struchtúrú go rang a ceathair agus gur i ranganna a cúig agus a sé amháin a bhainfí úsáid as ábhair? Ar chóir ábhair a bheith sa struchtúr i gcónaí ar aon chuma?*

**Téamaí, réimsí agus ábhair**

Chuir an páipéar comhairliúcháin seo moltaí i láthair i dtaca le struchtúr curaclaim arb é is bonn leis coincheap múnla céimeanna incriminteacha. Díríonn na moltaí ar an gcoincheap a bhaineann le gluaiseacht ó mhúnla ceithre chéim éiginnte lena mbaineann an struchtúr céanna, go múnla céimeanna incriminteacha ina mbeadh dhá nó trí chéim lena mbainfeadh struchtúr difreáilte curaclaim. Níl sa struchtúr, áfach, ach an chéad sraith sa smaointeoireacht faoi churaclam agus chuige sin ní mór cuimhneamh ar cad is brí leis an struchtúr sin. Agus é ag scrúdú a thábhachtaí atá ábhair scoile, scríobhann Lambert:


> *Whenever we ask ourselves what education (or school) is for, we inevitably get into curriculum debates about what we select, or elect, to teach young people. These are of course deeply complex matters requiring the most judicious mix of idealism (concerning what we want, in the form of our aims, values and purposes) and practicality (addressing implementation, but in so*

> *doing taking on some weighty social, economic and political issues and other significant matters such as teacher identity)* (2008, lch 207).

Is ceist ríthábhachtach í ceist an inneachair—cé na téamaí, réimsí curaclaim agus/nó ábhair a bheadh i gcuraclam athfhorbartha bunscoile—agus ní mór í a mheá go cúramach. Leagfaidh an cinneadh sin amach conairí foghlama do leanaí as seo go ceann deich mbliana ar a laghad. Cuireann curaclam na bunscoile 1999 túsphointe tábhachtach ar fáil dúinn: *Ar chóir na réimsí agus na hábhair reatha a choinneáil? Ar chóir cuid acu a athchoincheapú agus a athchumrú agus cuid eile acu a chealú agus téamaí, réimsí agus ábhair nua a thabhairt isteach ina n-áit? Más cóir, céard iad féin?*

Beag beann ar an struchtúr a úsáidfidh an curaclam, molann Tuarascáil UNESCO/Brooking (2013), *What Every Child Should Learn*, gur chóir do chórais oideachais deiseanna a chur ar fáil do *gach* leanbh chun inniúlachtaí a fhorbairt sna seacht bhfearann foghlama a leagtar amach i bhFíor 7. Is ann don chreat domhanda chun treoirlínte a chur ar fáil do dhearadh curaclaim ar mhaicrileibhéal. Is díol spéise é a mhéid atá réimsí churaclam na bunscoile 1999 a cuireadh le chéile um scór bliain ó shin ag teacht leis na seacht bhfearann sin. Cé go bhfuil difríochtaí áirithe ann, gan amhras, cuireann sé i gcuimhne dúinn nach dtagann athrú le himeacht ama ar pharaiméadair nó ar ghnéithe d'fhoghlaim agus d'fhorbairt leanaí tríd is tríd, ar fud earnálacha agus dlínsí. Laistigh díobh sin, áfach, ba chóir go dtiocfadh athrú agus éabhlóidiú ar na nithe sonracha a fhoghlaimíonn leanaí, d'fhonn a gcur in oiriúint don 21ú haois.

**Fíor 7: Seacht bhfearann foghlama**




Shonraigh an tuarascáil na fearainn seo ina bhfearainn thábhachtacha ón luath-óige go dtí an iar-bhunscolaíocht, agus aithníodh go mbaineann tábhacht níos mó nó níos lú le cuid díobh thar a chéile ag brath ar an gcéim ag a bhfuil leanaí. Tá na fearainn seo ag teacht le torthaí an iniúchta ar struchtúir an churaclaim agus ar chéimeanna an bhunoideachais a choimisiúnaigh CNCM (NFER, 2014) mar aon le torthaí anailís Pepper ar threonna i dtaca le forbairt curaclaim (2008). Tugann Fíor 8 spléachadh ar na réimsí curaclaim agus ar na hábhair san oideachas bunscoile i ndeich ndlínse, Éire ina measc. Thug Pepper (2008) agus Alexander (2009b) faoi deara go raibh inneachar curaclaim bhunscoile ag coinbhéirsiú ar fud na dtíortha. Deir Pepper (2008) *the content tends to include: first language, mathematics, science, information technology, design, history, geography, PE, art, music and RE...There also tends to be content relating to PSHE, citizenship and foreign languages…in many countries one or more of these subject areas are compulsory rather than optional.*

**Fíor 8: Réimsí curaclaim i ndlínsí**

# RÉIMSÍ CURACLAIM

| | Teanga | Matamaitic | Oideachas sóisialta, comhshaoil agus eolaíochta | Oideachas ealaíon | Corp-oideachas | Oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte | Oideachas reiligiúnach |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Éire | Gaeilge<br>Béarla | Matamaitic | Stair<br>Tíreolaíocht<br>Eolaíocht | Amharc-ealaíona<br>Ceol<br>Drámaíocht | Corp-oideachas | Oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte | Oideachas reiligiúnach |
| Ceanada – Ontario | Teanga<br>Fraincis mar dhara teanga<br>Teanga dhúchais | Matamaitic | Staidéar sóisialta (oidhreacht agus féiniúlacht, daoine agus timpeallachtaí)<br>Eolaíocht agus teiceolaíocht | Na healaíona<br>(damhsa, drámaíocht, ceol, na hamharc-ealaíona) | Sláinte agus corp-oideachas | - | - |
| Sasana | Béarla<br>Teangacha iasachta<br>(ó aois 7, ó 2014) | Matamaitic | Eolaíocht<br>Dearadh agus teicneolaíocht<br>Stair<br>ICT (ríomhaireacht ó 2014) | Ealaín agus dearadh<br>Ceol | Corp-oideachas | Oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte<br>Saoránacht<br>(oideachas sóisialta, pearsanta, sláinte agus eacnamaíoch ó 2014) | Oideachas reiligiúnach |
| An Fhionlainn | Máthairtheanga agus litríocht, teanga náisiúnta eile<br>(i.e. Fionlainnis agus Sualainnis)<br>Teangacha iasachta | Matamaitic | Staidéar timpeallachta,<br>Stair, Staidéar Sóisialta,<br>Fisic, Ceimic, Bitheolaíocht,<br>Tíreolaíocht, Eacnamaíocht bhaile | Ceol<br>Na hamharc-ealaíona<br>Ceardaíocht | Corp-oideachas | Oideachas sláinte | Reiligiúnach nó eitic |
| An Fhrainc | Fraincis<br>Nua-theangacha | Matamaitic | Taiscéaladh an domhain (aois 5-8)<br>Eolaíochtaí turgnamhacha agus teicneolaíocht (ó aois 8)<br>ICT<br>Stair agus Tíreolaíocht (ó aois 8) | Ealaín agus stair na healaíne (na hamharc-ealaíona, Ceol) (aois 5-8) Ealaíona (na hamharc-ealaíona, stair na healaíne, ceol ó aois 8) | Corp-oideachas agus spórt | Teagasc sibhialta agus morálta | - |
| An Nua - Shéalainn | Béarla<br>Foghlaim teangacha | Matamaitic agus staidreamh | Taiscéaladh an domhain (aois 5-8)<br>Eolaíochtaí turgnamhacha agus teicneolaíocht (ó aois 8) | Na healaíona | Corp-oideachas agus oideachas sláinte | Corp-oideachas agus oideachas sláinte | - |
| Tuaisceart Éireann | Teanga agus litearthacht | Matamaitic agus uimhearthacht | Eolaíocht<br>Eolaíochtaí sóisialta<br>Teicneolaíocht | Na healaíona (Ealaín agus dearadh, Ceol, Drámaíocht) | Forbairt fhisiciúil agus gluaiseacht | Forbairt phearsanta agus tuiscint (sláinte san áireamh) | Oideachas reiligiúnach |
| Albain | Teangacha<br>(Litearthacht, Béarla, Gaidhlig, teanga iasachta) | Matamaitic (uimhearthacht san áireamh) | An saol mórthimpeall orainn<br>(tíreolaíocht, stair, eolaíocht agus teicneolaíocht) | Na healaíona eispriseacha | Sláinte agus folláine | Sláinte agus folláine | Oideachas reiligiúnach agus morálta<br>(Scoileanna Caitliceacha: oideachas reiligiúnach) |
| An Singeapór | Teangacha<br>(Béarla, Máthairtheanga) | Matamaitic | Staidéar sóisialta<br>Eolaíocht (ó aois 8) | Ealaíona agus ceirdeanna<br>Ceol | Corp-oideachas | Oideachas sibhialta agus morálta | - |
| An Bhreatain Bheag | Béarla<br>Breatnais | Matamaitic | Eolaíocht, Dearadh agus teicneolaíocht, ICT, Stair, Tíreolaíocht<br>(Eolas agus tuiscint ar an domhan, go haois 7) | Ealaín<br>Ceol<br>(forbairt chruthaitheach go haois 7) | Oideachas pearsanta agus sóisialta (forbairt phearsanta agus shóisialta, folláine agus éagsúlacht chultúir go haois 7) | Oideachas pearsanta agus sóisialta (forbairt phearsanta agus shóisialta, folláine agus éagsúlacht chultúir go haois 7) | Oideachas reiligiúnach |

Mar a luadh cheana féin, is ceist ríthábhachtach sa phlé ar churaclam athfhorbartha bunscoile *cé* na téamaí/réimsí curaclaim/ábhair ba chóir a bheith ann? Léirítear sa réamhrá leis an gcáipéis seo líon agus raon na dtreoirlínte agus na n-acmhainní eile a chuir CNCM le chéile ó 1999 i leith chun tacú le múinteoirí curaclam na bunscoile a chur i ngníomh sa seomra ranga. Ina fhianaise sin, mar aon leis an athrú atá tagtha ar an seomra ranga agus éilimh nua agus mhéadaithe ar an oideachas bunscoile, leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann leis an gcuraclam a athbhreithniú agus a athfhorbairt *trí chéile* seachas mionleasuithe a dhéanamh *in áiteanna nó ar imeall na n-áiteanna sin*. Baineann forbairtí eile curaclaim go díreach leis an bplé seo ar inneachar, cuir i gcás, obair reatha CNCM i dtaca le hOideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus Eitic, agus iarratas ón Aire le déanaí go bhféachfaí do chuir chuige a thabharfadh códú isteach i gcuraclam na bunscoile. Níl ach méid áirithe ama sa lá scoile agus sa bhliain scoile chun an teagaisc agus na foghlama agus féachtar níos grinne air sin i gcuid 2 den cháipéis seo. Cé go gcuideodh tacaíocht níos mó do nascadh agus do chomhtháthú an churaclaim leis an gcuraclam a bheith níos inbhainistithe, ní mór *a bhfuil le baint amach as* a fhiosrú, a phlé agus a fhreagairt.

I dteannta na moltaí a leagtar amach do struchtúr nua curaclaim a phlé, cuirfidh an comhairliúchán deis ar fáil chun tús a chur le hiniúchadh ar inneachar an struchtúir nua, cibé struchtúr é sin.

**Achoimre**

Agus í ag tarraingt ar raidhse fianaise, tugann Cuid 1 den cháipéis seo an réasúnaíocht seo a leanas is bonn le hathmhachnamh a dhéanamh ar leagan amach churaclam na bunscoile.

- Is beag réasúnaíocht oideachasúil a thugann an taighde reatha do mhúnla ceithre chéim.
- Tugann síceolaíocht na forbraíochta bunús maith do mhúnla céimeanna incriminteacha agus do dhifreálú an churaclaim ina chéimeanna.
- Tugann forbairtí beartais, go hidirnáisiúnta, le fios go bhfuiltear ag gluaiseacht i dtreo líon níos lú céimeanna i gcuraclaim bhunscoile.
- De bhun forbairtí beartais in Éirinn, cuir i gcas an clár um chúram agus oideachas na luath-óige (réamhscolaíocht saor in aisce) agus foilsiú *Aistear*, is gá an ghaolmhaireacht atá idir an curaclam sna blianta réamhscoile agus an curaclam do ranganna na naíonán sa bhunscoil a shoiléiriú.
- Tugann taighde, mar aon le treochtaí curaclaim go hidirnáisiúnta, le fios go bhfuiltear ag luí níos mó le leagan amach níos comhtháite curaclaim, go háirithe i mblianta sóisearacha na bunscoile.

## Lón machnaimh

1. Mhol na moltaí go n-athrófaí ó mhúnla ceithre chéim de dhá bhliain go **múnla céimeanna incriminteacha** a bhaineann leas as **struchtúr curaclaim dhifreáilte**. Cé chomh mór a aontaíonn tú/a easaontaíonn tú leis an athrú molta? Tabhair cúiseanna le do fhreagra.
2. Déanann an dá rogha um struchtúr nua curaclaim tagairt do **dhá bhliain d'oideachas réamhscoile uilíoch mar chuid de Chéim 1** d'fhonn tacú le leanúnachas eispéiris do leanaí agus le dul chun cinn ina gcuid foghlama. Cé chomh mór a aontaíonn tú/a easaontaíonn tú leis an moladh go mbeadh an dá bhliain réamhscoile mar chuid de Chéim 1? Tabhair cúiseanna le do fhreagra.
3. **Rogha 1 – múnla trí chéim**: D'eascródh trí chur chuige i dtaca leis an gcuraclam a chur i láthair as an múnla sin—úsáid a bhaint as **téamaí, réimsí curaclaim** agus **ábhair**. Cé chomh mór a aontaíonn tú/a easaontaíonn tú leis an rogha seo mar struchtúr do churaclam athfhorbartha bunscoile? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. Cén t-inneachar a bheadh i ngach ceann díobh sin, cuir i gcás, cé na téamaí? Cé na réimsí? Cé na hábhair?
4. **Rogha 2 – múnla dhá chéim**: D'eascródh dhá chur chuige i dtaca leis an gcuraclam a chur i láthair as an múnla sin—úsáid a bhaint as **téamaí** agus **ábhair**. Cé chomh mór a aontaíonn tú/a easaontaíonn tú leis an rogha seo mar struchtúr do churaclam athfhorbartha bunscoile? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. Cén t-inneachar a bheadh i ngach ceann díobh sin, cuir i gcás, cé na téamaí? Cé na hábhair?
5. I Rogha 1 agus 2 araon baintear úsáid as ábhair mar bhealach chun an curaclam a leagan amach sna blianta deireanacha den bhunscolaíocht. **Cén uair** san oideachas bunscoile ba chóir curaclam a bheadh bunaithe ar **ábhair** a thabhairt isteach, dar leat? Cén fáth an uair sin?
6. Cé na **tacaí eagrúcháin** agus **acmhainne** a bheadh de dhíth chun curaclam a bheadh bunaithe ar mhúnla céimeanna incriminteacha a thabhairt isteach?
7. Cé na **ciallachais** lasmuigh den seomra ranga a bhainfeadh le húsáid a bhaint as múnla céimeanna incriminteacha chun curaclam na bunscoile a struchtúrú, e.g. oiliúint tosaigh múinteoirí, obair le múinteoirí, etc?
8. Cad iad na buanna agus na dúshláin, dar leat, a bhaineann le **struchtúr churaclam na bunscoile 1999**?

## Cuid 2: Leithdháileadh ama

Is féidir féachaint ar leithdháileadh ama ar fud an churaclaim mar bhealach chun béim a leagan ar na nithe atá tábhachtach do leanaí i mblianta múnlaitheacha a n-eispéireas oideachais. D'fhéadfaí a áitiú, leoga, gurb é an *the most valuable resource in the educational process* (OECD, 2016, lch 7). Dá bhrí sin, baineann tábhachtach leis an treoir a chuirtear ar fáil do scoileanna i dtaca leis an úsáid is fearr is féidir a bhaint as am ar fud an churaclaim. Sa réamhrá le *Curaclam na Bunscoile* (DES, 1999) faoi láthair moltar creat ama íosta seachtainiúil. Tá trí phríomhghné sa chreat sin:

- an t-am a thugtar don oideachas reiligiúnach
- íos-leithdháileadh ama molta do gach ceann de na sé réimse eile curaclaim, mar aon le tréimhse roghnach churaclaim[6]
- am a leithdháiltear ar shosanna agus ar am tionóil (1999, lch 67).

Tá sé i gceist go mbainfí leas as an gcreat molta ama sa churaclam *ar an mbealach is solúbtha is féidir* (lch 68) agus cuirtear samplaí de phleanáil i mbloic ama thar thréimhsí fada i láthair mar bhealach cuí lena dtugtar deiseanna foghlama lánbhríocha ar fáil do leanaí. Ina theannta sin, tugann am roghnaíoch sa churaclam deis do mhúinteoirí a bheith solúbtha agus freastal ar riachtanais leanaí agus ar chúinsí difriúla sa scoil. Cé go gcuireann an curaclam solúbthacht ar fáil, thuairiscigh múinteoirí srianta ama a bheith ina ndúshlán mór le cur i ngníomh an churaclaim (NCCA, 2005, 2008). Ar mhaithe leis an gcomhairliúchán, tugann an múnla nua molta um leithdháileadh ama a leagtar amach thíos aghaidh ar úsáid ama ar fud shé réimse an churaclaim, am roghnach curaclaim, tionóil agus clár an phátrúin. Déantar iarracht, freisin, solúbthacht níos mó a thabhairt do mhúinteoirí agus do scoileanna i dtaca leis an bpleanáil a dhéanfaidís chun an t-am sin a úsáid i rith na scoilbhliana.

Cuireann *Curaclam na Bunscoile* (DES, 1999) creat ama seachtainiúil ar fáil, mar a leagtar amach i dTábla 5.

---

[6] Is é a thuigtear le ham roghnach curaclaim i gcuraclam 1999:
Gné thábhachtach chreat seo is ea go n-áirítear air tréimhse roghnach ama curaclaim. Tugann sé sin deis don mhúinteoir agus don scoil freastal ar riachtanais agus ar chúinsí difriúla scoile agus freastal ar chumais agus ar inniúlachtaí difriúla na leanaí. Is féidir an t-am sin a leithdháileadh, de réir rogha an mhúinteora agus na scoile, ar cheann ar bith de na sé réimse curaclaim—teanga; matamaitic; oideachas sóisialta, imshaoil agus eolaíochta; oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte—nó ar aon cheann eile de na hábhair laistigh díobh. Tugann an creat seo deis freisin maidir le nuatheanga a thabhairt isteach sa churaclam nuair a bhíonn fáil uirthi.

**Tábla 5: Creat ama íosta seachtainiúil arna mholadh i gCuraclam na Bunscoile (1999)**

| Réimse curaclaim | Leithdháileadh ama seachtainiúil (lá iomlán) | Leithdháileadh ama seachtainiúil (lá níos giorra)*** |
|---|---|---|
| **Teanga 1 na scoile** | 4 uair an chloig | 3 uair an chloig |
| **Teanga 2 na scoile** | 3 uair 30 nóiméad | 2 uair 30 nóiméad |
| **Matamaitic** | 3 uair an chloig | 2 uair 15 nóiméad |
| **Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta (Stair, Tíreolaíocht agus Eolaíocht)** | 3 uair an chloig | 2 uair 15 nóiméad |
| **Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte** | 30 nóiméad | 30 nóiméad |
| **Corpoideachas** | 1 uair an chloig | 1 uair an chloig |
| **Oideachas sna hEalaíona**<br>**(Na hamharc-ealaíona, Drámaíocht agus Ceol)** | 3 uair an chloig | 2 uair 30 nóiméad |
| **Am roghnach curaclaim** | 2 uair an chloig | 1 uair an chloig |
| **Oideachas reiligiúnach (tipiciúil)** | 2 uair 30 nóiméad | 2 uair 30 nóiméad |
| **Am tionóil** | 1 uair 40 nóiméad | 1 uair 40 nóiméad |
| **Rolla a ghlaoch** | 50 nóiméad | 50 nóiméad |
| **Sosanna** | 50 nóiméad | 50 nóiméad |
| **Fóillíocht (tipiciúil)** | 2 uair 30 nóiméad | 2 uair 30 nóiméad |

***Tagraíonn an lá níos giorra do ranganna na naíonán sóisearach agus sinsearach amháin.

Sa bhliain 2011, d'eisigh an Roinn Oideachais agus Scileanna (DES) Ciorclán 0056/2011 a d'iarr ar scoileanna am breise a leithdháileadh ar an litearthacht agus ar an uimhearthacht. Le héifeacht ó mhí Eanáir 2012, éilíodh ar gach bunscoil:

- an t-am a chaitear leis an litearthacht, go háirithe i dtaca le céad teanga na scoile, a mhéadú uair an chloig ar an iomlán don teanga (Gaeilge agus Béarla) sa tseachtain (i.e. go 6.5 uair an chloig i gcás naíonán a bhíonn lá níos giorra acu, agus go 8.5 uair an chloig sa tseachtain i gcás daltaí a mbíonn lá iomlán acu).

- an t-am a chaitear leis an matamaitic a mhéadú 70 nóiméad go 3 uair an chloig agus 25 nóiméad sa tseachtain i gcás naíonán a bhíonn lá níos giorra acu agus go 4 uair an chloig agus 10 nóiméad sa tseachtain i gcás daltaí a mbíonn lá iomlán acu.

Dá bhrí sin, caitheann scoileanna 8 n-uair an chloig agus 30 nóiméad (6 uair an chloig agus 30 nóiméad i gcás ranganna naíonán) leis an nGaeilge agus leis an mBéarla, arb ionann é sin, go garbh, agus 5 uair an chloig (4 uair an chloig) le céad teanga na scoile agus 3 uair an chloig agus 30 nóiméad (2 uair an chloig agus 30 nóiméad i gcás ranganna naíonán) le dara teanga na scoile. Is ionann an leithdháileadh nua ama don mhatamaitic agus 4 uair an chloig agus 10 nóiméad (3 uair an chloig agus 25 nóiméad i gcás ranganna naíonán). Iarradh ar scoileanna an t-am breise sin a aimsiú do theanga agus don mhatamaitic ach meascán cur chuige a úsáid, cuir i gcás:

- scileanna litearthachta agus uimhearthachta a chomhtháthú le réimsí eile curaclaim
- cuid d'am roghnach an churaclaim nó é go léir a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí litearthachta agus uimhearthachta
- an t-am a chaitear le hábhar eile a athdháileadh ar an litearthacht agus ar an uimhearthacht
- tosaíocht a thabhairt do chuspóirí is luachmhaire sin an churaclaim agus tabhairt isteach gnéithe áirithe d'ábhair a chur siar, cuir i gcás, tabhairt isteach snáitheanna agus snáithaonad ó churaclam na tíreolaíochta agus na staire a chur siar i gcás ranganna na naíonán agus ranganna a haon agus a dó go dtí tráth níos déanaí i sraith na bunscoile.

Tugann Tábla 6 thíos spléachadh ar an gcreat ama bunaithe ar na leasuithe a rinneadh de bhun Chiorclán 0056/2011. Tugann an tábla spléachadh ar an am breise a leithdháiltear do theagasc teanga agus matamaitice gan laghdú ar an am do réimsí eile an churaclaim. Agus riachtanas á leagan síos chun am breise a leithdháileadh don litearthacht i dTeanga 1 agus i dTeanga 2 na scoile agus don mhatamaitic, thug Ciorclán 0056/2011 solúbthacht do scoileanna agus cinneadh á dhéanamh acu faoin gcaoi a n-aimseofaí an t-am breise sin ar fud an churaclaim. Bhain scoileanna úsáid as an gcomhairle sin sa chiorclán agus bhain siad leas as comhtháthú, as am roghnach curaclaim, as tosaíocht a thabhairt d'aonaid áirithe seachas d'aonaid eile agus/nó as athdháileadh a dhéanamh ar an am a chaitear le hábhair eile.

I dTábla 6, tá na figiúirí ama ar fud na réimsí curaclaim, seachas teanga agus matamaitic, scáthaithe chun a léiriú nár mhór am a bhaint díobhsan chun an t-am breise a leithdháileadh ar theanga agus ar mhatamaitic. Maidir le gnéithe d'am atá lasmuigh de réimsí curaclaim agus d'am roghnach curaclaim, arb ionann iad agus 36% d'am scoile, **níor chuir na hathruithe a rinneadh i gCiorclán**

**0056/2011 isteach orthu**. Orthu sin tá am fóillíochta, sosanna, rolla a ghlaoch[7], tionóil, agus oideachas reiligiúnach (clár an phátrúin)[8], agus dá bhrí sin tá siad scáthaithe sa tábla.

**Tábla 6: Creat ama seachtainiúil bunaithe ar Chiorclán 0056/2011**

| Réimse curaclaim | Leithdháileadh ama seachtainiúil (lá iomlán) | Leithdháileadh ama seachtainiúil (lá níos giorra)*** |
|---|---|---|
| **Teanga 1 agus 2 na scoile (English/Irish nó Gaeilge/Béarla)** | 8 n-uair 30 nóiméad | 6 uair 30 nóiméad |
| **Matamaitic** | 4 uair 10 nóiméad | 3 uair 35 nóiméad |
| **Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta (Stair, Tíreolaíocht agus Eolaíocht)** | 3 uair an chloig | 2 uair 15 nóiméad |
| **Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte** | 30 nóiméad | 30 nóiméad |
| **Corpoideachas** | 1 uair an chloig | 1 uair an chloig |
| **Oideachas sna hEalaíona (Na hamharc-ealaíona, Drámaíocht agus Ceol)** | 3 uair an chloig | 2 uair 30 nóiméad |
| **Am roghnach curaclaim** | 2 uair an chloig | 1 uair an chloig |
| **Oideachas reiligiúnach (tipiciúil)** | 2 uair 30 nóiméad | 2 uair 30 nóiméad |
| **Am tionóil** | 1 uair 40 nóiméad | 1 uair 40 nóiméad |
| **Rolla a ghlaoch** | 50 nóiméad | 50 nóiméad |
| **Sosanna** | 50 nóiméad | 50 nóiméad |
| **Fóillíocht (tipiciúil)** | 2 uair 30 nóiméad | 2 uair 30 nóiméad |

***Tagraíonn an lá níos giorra do ranganna na naíonán sóisearach agus sinsearach amháin.

Is beag taighde nó sonraí atá ann faoi láthair i dtaca leis an gcaoi nó an áit ar aimsigh scoileanna am breise do theanga agus do mhatamaitic. D'fhéadfaí cuid mhaith den am roghnach curaclaim a ndéantar foráil dó i gcreat ama seachtainiúil churaclam na bunscoile a úsáid chun soláthar a dhéanamh don am breise teagaisc sa dá réimse sin curaclaim, agus ar an gcaoi sin an tsolúbthacht a

[7] Déanann Alt 56, fo-ailt 4, 5 agus 6 sna Rialacha do Scoileanna Náisiúnta foráil do rolla a ghlaoch agus do leathuair an chloig amháin le haghaidh am fóillíochta agus do dheich nóiméad ar a laghad le haghaidh sosanna i rith an lae scoile (1965, lch 29).

[8] Luann Alt 30(2)(d) den Acht Oideachais (1998): *cinnteoidh an tAire, maidir leis an méid ama teagaisc a thabharfar d'ábhair ar an gcuraclam de réir mar a chinnfidh an tAire i ngach lá scoile, gur méid é a fhágfaidh gur féidir cibé am réasúnach teagaisc a chinnfidh an bord le toiliú an phátrúin a thabhairt d'ábhair a bhaineann le spiorad sainiúil na scoile nó a éiríonn as an spiorad sin.*

bhí ag múinteoirí agus ag scoileanna roimhe sin a laghdú. Ba chosúil go mbeadh cleachtas difriúil ann ó scoil go scoil agus dá bhrí sin go bhfáilteodh scoileanna agus múinteoirí araon roimh threoir chothrom le dáta a ghlacfadh san áireamh na riachtanais nua ama sin do theanga agus don mhatamaitic.

I bhfianaise gur tharraing go leor múinteoirí aird ar a róphlódaithe is atá an curaclam (NCCA, 2005, 2008) faoi mar a phléitear sa réamhrá leis an gcáipéis seo, agus i bhfianaise an bhrú bhreise ar am i seomraí ranga bunscoile (NCCA, 2010), is í an cheist atá ann cén chaoi a mbíonn ábhair thíos leis nuair a chuirtear srian le ham. Tugann na hailt seo a leanas cuntas ar chuid den taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta ina leith seo.

## A bhfuarthas amach i dtaca le húsáid ama ar fud an churaclaim

Fuarthas amach i staidéar a rinne Cumann Múinteoirí Náisiúnta na hÉireann (INTO) ar churaclam na bunscoile le déanaí gur minic a dhéanann múinteoirí ábhair a bhabhtáil ar a chéile agus iad ag iarraidh tosaíochtaí foghlama agus teagaisc a chur i bhfeidhm:

> *One participant remarked that she 'would have dropped drama as a subject in the senior classes because I just didn't have time, especially since the Literacy and Numeracy strategy', whilst another stated that she 'wonder(s) about drama as a standalone subject, to me drama is more of a methodology'* (2015, lch 20).

Sa staidéar céanna, luadh roinnt ábhar a ndúradh ina leith nach raibh dóthain ama ar fáil dóibh ionas go mbeadh rannpháirtíocht na leanaí iontu lánbhríoch ó thaobh an churaclaim de; ba iad na hábhair sin Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (SPHE), Corpoideachas (PE) agus Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta (SESE). Leoga, chaith 72% de fhreagróirí níos mó ama le teanga agus leis an matamaitic ná mar a mhol Ciorclán 0056/2011. Braitear, sa chás seo, go bhfuil ró-ualach curaclaim agus leithdháiltí athbhreithnithe ama de bhun Chiorclán 0056/2011 ag cur leis na hábhair *thábhachtacha* a bheith san iomaíocht lena chéile ó thaobh leithdháileadh ama de agus a bheith san iomaíocht leis na hábhair sin *nach bhfuil chomh tábhachtach céanna*. Is cosúil gurb amhlaidh atá i ndlínsí eile, freisin, agus thuairiscigh fiosrú Cambridge Primary Review ar úsáid an churaclaim i Sasana de réir mar a dhéanann múinteoirí a ndícheall caighdeán den scoth a bhaint amach sna *bunábhair* gur beag am a bhí ar fáil don smaointeoireacht mhachnamhach, d'fhadhbanna a iniúchadh nó a réiteach, agus gur laghdaíodh go mór an t-am a bhí ar fáil d'ábhair áirithe, cuir i gcás ealaín, ceol, drámaíocht, stair agus tíreolaíocht (Alexander *et al*, 2009b, lch 3).

Ina theannta sin, fuair staidéar ESRI ar eispéiris leanaí i mbunscoileanna go raibh difríocht mhór san am a caitheadh le hábhair ag brath ar ghnéas an mhúinteora, ar cibé an scoil DEIS nó nárbh ea a bhí ann, ar phríomhtheanga na scoile agus ar líon blianta taithí an mhúinteora (ESRI, 2012, lch 30). Téann dhá athróg—cineál na scoile agus an múinteoir—i bhfeidhm ar an méid ama a chaitear le réimsí áirithe an churaclaim a theagasc. Tríd is tríd, má chaitheann múinteoir níos mó ama leis an mBéarla is iondúil gur lú am a chaitheann an múinteoir sin le hábhair eile, go háirithe stair, tíreolaíocht agus eolaíocht. Ar an gcaoi chéanna, déantar am breise a chaitear leis an matamaitic a bhabhtáil leis na trí ábhar sin mar aon le hoideachas reiligiúnach agus drámaíocht.

Ó tugadh isteach curaclam na bunscoile um 17 mbliana ó shin, tá léargas faighte againn ar an gcaoi a mbaineann múinteoirí agus scoileanna úsáid *i ndáiríre* as am ar fud an churaclaim a bhuí le hathbhreithnithe curaclaim, le measúnachtaí, le meastóireachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta agus le

sonraí ó staidéar fadama *Growing Up in Ireland*. Agus é ag tarraingt ar raidhse foinsí, leagann Tábla 7 cuid de na fionnachtana sin amach.

**Tábla 7: Fionnachtana i dtaca le húsáid am an churaclaim**

| Eispéireas in Éirinn |
|---|
| ▪ Tá **difear** suntasach san am a leithdháiltear ar **ábhair/réimsí curaclaim** áirithe.<br>▪ Tá an difear sin le feiceáil **ar fud scoileanna** agus i measc múinteoirí aonair atá ag teagasc sa **scoil chéanna**.<br>▪ Tá **difríochtaí suntasacha** sa chaoi a n-úsáidtear am i **scoileanna DEIS** agus i **scoileanna nach scoileanna DEIS** iad, agus idir scoileanna **aonghnéis** agus scoileanna **déghnéis**.<br>▪ Fuarthas amach freisin go léiríonn amchlárú **tréithe múinteoirí**, agus gur mó an seans go leagfadh múinteoirí a bhfuil taithí fhada teagaisc acu béim ar 'chroí-ábhair' an churaclaim agus go gcaithfidís níos mó ama leis an mBéarla, leis an nGaeilge agus leis an matamaitic.<br>▪ Tugann sonraí measúnaithe náisiúnta (2014) le fios go bhfuil an t-am a leithdháiltear ar ranganna Béarla ag teacht a bheag nó a mhór le Ciorclán 0056/2011 agus tugann sonraí i dtaca leis an matamaitic le fios go bhfuiltear ag caitheamh níos mó ama léi ná mar a samhlaíodh de réir an Chiorcláin. Ní ghlacann sé sin san áireamh am breise a leithdháileadh ar theagasc an dá ábhar sin ar fud an churaclaim. |

I bhfianaise forbairtí a tharla le blianta beaga anuas i dtaca leis an leithdháileadh *beartaithe* ama ar fud an churaclaim agus i bhfianaise a bhfuarthas amach faoi úsáid *iarbhír* ama, is tráthúil anois athmhachnamh a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanaimid am don teagasc agus don fhoghlaim a choincheapú ar fud an churaclaim agus ar an gcaoi is fearr ar féidir le curaclam bunscoile tacú le scoileanna chun am a úsáid d'fhonn eispéiris foghlama a chur ar fáil a fhreastalaíonn ar riachtanais leanaí agus teaghlach i bpobail áitiúla. Seans gurbh úsáideach an beart é, chuige sin, spléachadh a thabhairt ar chleachtas idirnáisiúnta:

- déanann go leor dlínsí **leithdháiltí ama a shainiú** d'ábhair/réimsí curaclaim
- i gcásanna a ndéantar am a shainiú, is iondúil gur **leithdháiltí bliana** a bhíonn ann
- cuirtear leithdháiltí ama ar fáil do **réimsí curaclaim** seachas d'ábhair
- is mó de sholúbthacht a cheadaítear i dtaca le h**íos-am molta teagaisc** a leithdháileadh seachas i dtaca le hábhair churaclaim a roghnú

- bíonn **difear** idir leithdháiltí ama **ó réimse go réimse** sa churaclam agus **ó bhliain go bliain**, rud a léiríonn tosaíochtaí a thugtar do réimsí áirithe ag céimeanna áirithe d'oideachas an linbh
- maidir le dlínsí áirithe, cuir i gcás Albain, an Bhreatain Bheag, Tuaisceart Éireann, Sasana agus an Nua-Shéalainn, **ní shainíonn siad leithdháiltí ama** in aon chor. Ina ionad sin, ní mór do scoileanna a chinntiú go gcuirfear curaclam leathan agus cothromaithe i láthair leanaí.

Tugann Tábla 8 spléachadh ar an gcleachtas idirnáisiúnta i dtaca le leithdháileadh ama ar fud churaclam na bunscoile.

**Tábla 8: Cleachtas idirnáisiúnta**

| **Eispéireas idirnáisiúnta** |
|---|
| ▪ Go hidirnáisiúnta, déanann go leor dlínsí **leithdháiltí ama a shainiú** d'ábhair/réimsí curaclaim.<br>▪ I gcásanna a ndéantar am a shainiú, is iondúil gur **leithdháiltí bliana** a bhíonn ann.<br>▪ Cuirtear leithdháiltí ama ar fáil do **réimsí curaclaim** seachas d'ábhair.<br>▪ Is mó de sholúbthacht a cheadaítear i dtaca le h**íos-am molta teagaisc** a leithdháileadh seachas i dtaca le hábhair churaclaim a roghnú<br>▪ Bíonn **difear** idir leithdháiltí ama **ó réimse go réimse** sa churaclam agus **ó bhliain go bliain**, rud a léiríonn tosaíochtaí a thugtar do réimsí áirithe ag céimeanna áirithe d'oideachas an linbh<br>▪ Maidir le dlínsí áirithe, cuir i gcás Albain, an Bhreatain Bheag, Tuaisceart Éireann, Sasana agus an Nua-Shéalainn, **ní shainíonn siad leithdháiltí ama** in aon chor. Ina ionad sin, ní mór do scoileanna a chinntiú go gcuirfear curaclam leathan agus cothromaithe i láthair leanaí |

## Fad an lae scoile agus am teagaisc

Díol suntais agus leithdháileadh ama á mheas is ea an fad ama a chaitheann leanaí na hÉireann ar an mbunscoil. Caitheann leanaí na hÉireann 183 lá ar scoil gach bliain. Is ionann é sin agus 1,073 uair an chloig san iomlán ar scoil agus 915 uair an chloig d'am teagaisc an churaclaim. Is é meánfhad an Aontais Eorpaigh as measc an 22 bhall den Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD) 180 lá ar an mbunscoil gach bliain—arb ionann é sin agus 1,107 uair an chloig san iomlán ar scoil agus 754 uair an chloig d'am teagaisc an churaclaim (OECD, 2016). Cé gur lú am a chaitheann leanaí na hÉireann ar scoil tríd is trí, tá an t-am a chaitear ag teagasc an churaclaim i bhfad níos airde ná meán-am an Aontais Eorpaigh as measc an 22 bhall an OECD. Seans gurb amhlaidh atá de bharr an ama a leithdháiltear ar shosanna agus ar am fóillíochta i rith an lae scoile i scoileanna ar fud an Aontais Eorpaigh.

## Eispéiris churaclaim na leanaí

Tá na cineálacha eispéireas foghlama a bhíonn ag leanaí chomh tábhachtach céanna leis an bhfad ama a chaitheann an múinteoir ag teagasc réimse faoi leith an churaclaim nó ábhar faoi leith. Meabhraíonn na ráitis seo a leanas dúinn an tionchar teoranta a bhíonn ag leithdháiltí foirmiúla ama ar chleachtas an tseomra ranga.

> *To think about curriculum balance solely in terms of subject time allocations, however, is to neglect another and possibly more fundamental way in which the curriculum impacts upon the child. Classroom research, for example, has identified 'generic activities' (such as reading, writing, using apparatus, talking with the teacher and collaborating with other children) which pupils encounter daily regardless of subject labels. The balance which is struck amongst such activities is arguably as important as the balance which is struck amongst subjects* (Alexander, Rose agus Woodhead, 1992, lgh 24-25).


Dá bhrí sin, cé go gcuirfeadh múinteoirí agus scoileanna suntas i dtreoir i dtaca le leithdháileadh ama, is iad na heispéiris foghlama a chuirtear ar fáil do leanaí is mó a chuireann le forbairt an linbh.

I dtaca leis an úsáid a bhaintear as am i mbunscoileanna i Sasana, d'éiligh Cambridge Primary Review go mbainfí úsáid shofhreagrach agus sholúbtha as am ar fud an churaclaim (Alexander, 2009b). D'fhonn nuálaíocht áitiúil a spreagadh agus d'fhonn freastal ar riachtanais raon éagsúil foghlaimeoirí agus pobal, mhol an Review curaclam náisiúnta ina mbeadh *national and local components, with 30 per cent of the yearly total (time) available for the local curriculum. This would give schools more flexibility, greater opportunity to tailor learning to local needs and characteristics and would encourage innovation* (2009b, lch 22). Déanann an creat seo idirdhealú idir curaclam *náisiúnta* agus curaclam *pobail*. Sa chás seo tá an curaclam náisiúnta, ar curaclam reachtúil é, ag glacadh um 70 faoin gcéad den am teagaisc, agus is éard atá sa churaclam pobail curaclam a fhorbraítear go háitiúil, atá neamhreachtúil agus a baineann le fearainn churaclaim a aontaítear go náisiúnta.

Aithníonn an OECD go bhféadfadh nach leor am as féin a chur ar fáil chun torthaí níos fearr a bhaint amach do leanaí agus áitítear nach rachaidh am teagaisc i bhfeidhm ar leanaí ar bhealach lánbhríoch ach amháin más *engaged time* agus *actual learning time* atá ann (Gromada agus Shewbridge, 2016, lch 38). Molann siad múnla um thuiscint a fháil ar úsáid éifeachtach an ama leithdháilte teagaisc (Fíor 9) a dhéanann iarracht tuiscint a fháil ar an gcaoi a ndéantar am a úsáid agus a chailleadh i rith ceachtanna. I bhFíor 9 cuirtear am rannpháirteach (*engaged time*) i láthair mar chéatadán d'am iarbhír teagaisc (*actual instruction time*) ina meastar go mbíonn leanaí ag tabhairt airde ar a bhfuiltear a theagasc. Is deacair an t-*am iarbhír teagaisc* a thomhas de bhrí go mbraitheann sé ar riachtanais an linbh féin agus ar chaighdeán an teagaisc. Leoga, i gcás go leor leanaí braitheann *am iarbhír teagaisc* ar raidhse cúinsí eile, cuir i gcás am an lae, a ocraí atá siad agus an codladh a rinne siad an oíche roimhe sin. Anuas air sin, is cosúil go gcailleann leanaí ar de chúlraí socheacnamaíocha

atá faoi mhíbhuntáiste iad, ar de chúlraí inimirceach iad agus ar buachaillí iad níos mó den am leithdháilte ama teagaisc (lch 51).

**Fíor 9: Múnla um thuiscint a fháil ar úsáid éifeachtach an ama leithdháilte teagaisc (Gromada agus Shewbridge, 2016, 38)**




D'fhonn éascaíocht a dhéanamh do phlé faoin gceist seo maidir le leithdháileadh ama ar fud an churaclaim, molann an mhír seo a leanas múnla a ghlacann cur chuige difreáilte i leith na ceiste.


## Múnla molta um leithdháileadh ama

De bhun cuid de na treochtaí agus na bhforbairtí idirnáisiúnta agus an méid a fuarthas amach faoi eispéireas scoileanna i dtaca leis an gcreat ama seachtaine molta atá i gcuraclam 1999, molann an múnla seo thíos **cur chuige difreáilte** i leith leithdháileadh ama. Tá sé i gceist gurbh fhearr a d'fhreastalódh an múnla ar riachtanais foghlama leanaí, mar aon le riachtanais na múinteoirí agus scoileanna i dtaca le pleanáil, teagasc agus measúnacht. Tá sé i gceist solúbthacht níos fearr a thabhairt do mhúinteoirí i dtaca leis an úsáid a bhaineann siad as am teagasc chun freastal ar riachtanais leanaí agus phobal uile na scoile.

Is féidir an múnla a chur i bhfeidhm le rogha trí chéim nó dhá chéim um struchtúr athbhreithnithe do churaclam bunscoile mar a cuireadh i láthair níos túisce sa cháipéis seo nó le leagan amach reatha

*Churaclam na Bunscoile* (DES, 1999). Tá dhá chatagóir ama sa mhúnla beartaithe seachas na trí chatagóir a chuirtear i láthair i g*Curaclam na Bunscoile*[9]. Is iad an dá chatagóir mholta sin *íos-am curaclaim stáit* agus *am solúbtha*. Cuirtear an dá chatagóir ama a bhaineann leis an múnla beartaithe um leithdháileadh ama ar fud an churaclaim i láthair i bhFíor 10 thíos.

**Fíor 10: Múnla molta um leithdháileadh ama i mbunscoileanna**




## Dhá chatagóir ama

Tagraíonn *íos-am curaclaim stáit* don íosfhad ama a d'fhéadfadh múinteoirí agus scoileanna a chaitheamh ag teagasc churaclam an stáit agus na téamaí/réimsí/ábhair a leagtar amach ann. Léiríonn an fad ama a luaitear leis an gcatagóir seo téagar churaclam an stáit agus cuirtear dóthain ama ar fáil chun na torthaí foghlama sonraithe a bhaint amach.

Is gné nua é *am solúbtha* sa mhúnla seo um leithdháileadh ama. Cuimsíonn sé an t-am ar fad lasmuigh den *íos-am curaclaim stáit*. Cuimsíonn an t-am sin an t-am ar a dtugtar am roghnach curaclaim faoi láthair, am tionóil, rolla a ghlaoch, sosanna agus clár an phátrúin. Cé gurb ionann am

[9] Tá trí phríomhghné sa chreat ama a leagtar amach i g*Curaclam na Bunscoile* (DES, 1999):

- am a leithdháiltear ar chlár an phátrúin a theagasc
- íos-leithdháileadh ama molta do gach ceann de na sé réimse eile curaclaim, mar aon le tréimhse roghnach churaclaim
- am a cheadaítear do shosanna agus do thionól.

roghnach curaclaim de réir churaclam 1999 agus oiread agus 10% d'am iomlán na seachtaine, d'éileodh am solúbtha céatadán níos airde den am de bharr go gcuimseodh sé gnéithe breise mar a leagtar amach thuas. Tá a leithdháileadh ama seachtaine féin ag gach ceann de na gnéithe sin i gcuraclam 1999, mar a leagtar amach i dTábla 9 thíos.

**Tábla 9: Leithdháileadh ama i dtaca le ham roghnach curaclaim, clár an phátrúin, am tionóil, rolla a ghlaoch, sosanna agus fóillíocht**

| Gné ama | Leithdháileadh ama seachtainiúil (lá iomlán) | Leithdháileadh ama seachtainiúil (lá níos giorra)*** |
|---|---|---|
| **Am roghnach curaclaim** | 2 uair an chloig | 1 uair an chloig |
| **Clár an phátrúin** | 2 uair 30 nóiméad | 2 uair 30 nóiméad |
| **Am tionóil** | 1 uair 40 nóiméad | 1 uair 40 nóiméad |
| **Rolla a ghlaoch** | 50 nóiméad | 50 nóiméad |
| **Sosanna** | 50 nóiméad | 50 nóiméad |
| **Fóillíocht** | 2 uair 30 nóiméad | 2 uair 30 nóiméad |

***Tagraíonn an lá níos giorra do ranganna na naíonán sóisearach agus sinsearach amháin.

Má ghlactar le chéile iad, is ionann na gnéithe sin agus 10 n-uair an chloig agus 20 nóiméad nó 36% den tseachtain iomlán scoile. Ach a gcuirfí na gnéithe ar leithligh sin ama le chéile le solúbthacht níos mó do scoileanna agus iad ag obair ar fud churaclam an stáit i mbloc nua amháin ama, b'athrú suntasach ar an leithdháileadh ama tríd is tríd a bheadh ann. Dá bhrí sin, moltar go gcuirfí oiread agus 40% den am i láthair mar am solúbtha.

Cé go bhfuil an chuma ar an gcéatadán molta gur méadú beag a bheadh ann ar an 36% a mholtar i gcuraclam 1999, mura ndéanfaí uaireanta an chloig ná nóiméad a sannadh do gach gné laistigh den am solúbtha, is mó an scóip a bheadh ag scoileanna agus ag múinteoirí cinneadh a dhéanamh i dtaca leis an úsáid ab fhearr a d'fhéadfaí a bhaint as an am sin chun freastal ar riachtanais na scoile. Agus é sin á dhéanamh acu, seans go n-oibreodh scoileanna lena lucht leasa d'fhonn cinneadh a dhéanamh faoin méid sin den am solúbtha a chaithfí le teagasc agus foghlaim bhreise, le tionscnaimh phobail thraschuraclaim, le ceiliúrthaí/imeachtaí uilescoile agus le gníomhaíochtaí eile oideachais. Leoga, i bhfianaise an luacha a bhaineann leis an méid ama a chaitheann scoil le cineálacha áirithe eispéireas oideachais, léireodh na cinntí sin na nithe ba thábhachtaí le pobal na scoile dá leanaí.

Leagtar gnéithe breise den mhúnla leithdháilte ama amach níos grinne thíos. Arís eile, d'éireodh leis na gnéithe seo i struchtúr curaclaim dhá chéim nó trí chéim mar a cuireadh i láthair níos túisce sa cháipéis seo.

**Tábla 10: Gnéithe breise den mhúnla leithdháilte ama**

| |
|---|
| Laistigh d'íos-am curaclaim stáit (60% d'am scoile): |
| ▪ Dhéanfaí íos-leithdháiltí ama a shainiú don **Bhéarla**, don **Ghaeilge** agus **don mhatamaitic ar bhonn seachtaine**. |
| ▪ Dhéanfaí íos-leithdháiltí ama a shainiú do **théamaí/réimsí curaclaim/ábhair eile ar bhonn míosa** |
| Laistigh d'am solúbtha (40% d'am scoile): |
| ▪ Bheadh **fuílleach an ama** sa lá scoile ag scoileanna mar **am solúbtha**. |

## Íos-leithdháiltí do réimsí curaclaim

Léireodh leithdháileadh íos-am teagaisc seachtaine don Bhéarla, don Ghaeilge agus don mhatamaitic a fheidhmí is atá na scileanna sin arna leagan amach sa *Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta* agus arna thuairisciú ag rannpháirtithe i gcomhairliúchán CNCM i dtaca le tosaíochtaí curaclaim (2012):

> *Developing good literacy and numeracy skills among all young people is fundamental to the life chances of each individual and essential to the quality and equity of Irish society* (DES, 2011, lch 9).

Chinnteodh an múnla nua molta um leithdháileadh ama go ndéanfaí na hábhair sin a theagasc go rialta d'fhonn cuidiú le bonnscileanna tábhachtacha a fhorbairt, scileanna a úsáideann leanaí sa chuid eile den churaclam.

Ach a ndéanfaí íos-am teagaisc míosa a leithdháileadh ar na téamaí/réimsí curaclaim/ábhair eile, bheadh an tsolúbthacht ag múinteoirí agus ag scoileanna bloic níos mó ama a úsáid i bpleanáil curaclaim. Cé go molann curaclam 1999 'blocphleanáil', d'fhéadfaí a áitiú gur chuir sainiú ama seachtainiúil den chineál sin bac le straitéisí dá leithéid a úsáid go háirithe agus múinteoirí ag tagairt do shrianta ama mar chonstaic mhór le cur i ngníomh an churaclaim (NCCA 2005, 2008). Thabharfadh leithdháiltí míosa ama deis úsáid a bhaint as tréimhsí fadaithe ama chun obair a dhéanamh ar thorthaí foghlama áirithe sa churaclam agus a chur ar chumas múinteoirí agus leanaí *to delve deeper and linger longer with their subjects* (Lambert, 2008, lch 212). Ach a mbainfí úsáid as

leithdháiltí míosa chinnteofaí, freisin, go ndéanfaí gach téama/réimse curaclaim/ábhar a theagasc go rialta i rith téarma agus scoilbhliana. Ach a mbainfí úsáid as blocphleanáil seans go spreagfaí obair théamach freisin, rud a chothódh comhtháthú agus leanúnachas níos fearr ar fud an churaclaim. Ina theannta sin, dá dtabharfaí am solúbtha isteach sa churaclam, thacófaí de bheagán le héilimh i dtaca le tacú le breithiúnas gairmiúil múinteoirí agus solúbthacht a thabhairt do scoileanna i dtaca leis an gcaoi a gcuirfidís an curaclam i ngníomh ar leibhéal áitiúil.

Bunaithe ar an múnla thuas agus ar an dá rogha mholta do struchtúr curaclaim, tagann roinnt ceisteanna eile chun cinn ar chóir aghaidh a thabhairt orthu i dtaca le ham don teagasc agus don fhoghlaim. Cuir i gcás, léiríonn Tuarascáil an Choimisiúin Eorpaigh/EACEA/Eurydice (2016) gurb é a tharlaíonn in go leor dlínsí ná go laghdaítear an t-am a chaitear le teagasc chéad teanga na scoile de réir mar a théann leanaí ar aghaidh tríd an oideachas bunscoile[10], agus go mbíonn an méid ama a chaitear leis an matamaitic éagsúil freisin ar fud na ndlínsí ag brath ar chéim an oideachais bhunscoile[11]. Tá tábhacht, dé réir sin, leis an gceist ar chóir íos-leithdháiltí ama seachtaine a dhifreálú ar fud céimeanna agus cibé ar chóir céatadáin níos mó/níos lú ama a chaitheamh le teanga agus le matamaitic. Anuas air sin, ar chóir leithdháiltí ama míosa do réimsí eile curaclaim a dhifreálú ar an gcaoi chéanna? Má bhíonn leithdháiltí ama d'ábhair/réimsí curaclaim difriúla ar fud chéimeanna difriúla churaclam na bunscoile, tig cinntí agus moltaí i dtaca le leibhéal na mionsonraí a dhéanamh tráth níos déanaí agus leithdháiltí sonracha ama á meá le haghaidh téamaí, réimsí agus ábhair churaclaim.  Don chéim áirithe seo den chomhairliúchán, **táthar ag díriú ar leithdháileadh ama tríd is tríd**.

Ach a ndéantar am a shainiú agus a roinnt ar fud an churaclaim agus laistigh de tugtar teachtaireacht shoiléir faoi na cineálacha eispéireas foghlama a dtacaítear leo i mbunscoileanna. Déanann na moltaí thuas iarracht a chinntiú go mbeadh an creat cuí agus an tsolúbthacht ag scoileanna agus ag múinteoirí chun eispéireas saibhir, leathan agus cothromaithe bunscoile a chur ar fáil do leanaí d'fhonn cuidiú leo dul chun cinn cuí a dhéanamh ó thaobh na foghlama de. Is é aidhm na moltaí solúbthacht níos fearr a thabhairt do scoileanna agus iad ag cinneadh cén chaoi, cén uair agus cén áit a gcaitear am ar fud an churaclaim. Chuirfeadh sé sin ar chumas scoileanna an curaclam a chur in oiriúint níos éifeachtaí do luachanna phobal na scoile agus do riachtanais na leanaí.

[10] Áirítear i measc na ndlínsí sin: an Chipir, an Danmhairg, an Fhrainc, An Ghréig, An Phortaingéil agus an Spáinn.
[11] Sa Chipir, sa Ghréig, i Lucsamburg agus sa Phortaingéil, bíonn níos lú ama ann do theagasc na matamaitice agus páistí ag dul suas tríd an mbunscoil.  I gcás na hEastóine, na Fionlainne, agus na Laitvia caitear níos mó ama ag teagasc matamaitice.

**Achoimre**

Agus í ag tarraingt ar raidhse fianaise, tugann Cuid 2 den cháipéis seo an réasúnaíocht seo a leanas is bonn le hathmhachnamh a dhéanamh ar an gcaoi a ndéantar am a leithdháileadh ar fud churaclam na bunscoile.

- Thug Ciorclán 0056/2011 ar scoileanna am breise a thabhairt do theanga agus don mhatamaitic ach solúbthacht a thabhairt dóibh i dtaca leis an am sin a aimsiú ó réimsí eile an churaclaim. I gcásanna áirithe, ba é an toradh a bhí air sin go raibh ar mhúinteoirí tús áite a thabhairt d'ábhair áirithe.
- Tugann taighde le fios go bhfuil difríochtaí suntasacha ann i measc scoileanna agus seomraí ranga i dtaca leis an gcaoi a n-úsáidtear an t-am sin ar fud an churaclaim.
- Tugann eispéireas scoile le fios go mbraitear ró-ualach curaclaim nuair a bhítear ag cur ábhar in iomaíocht lena chéile ar an gcaoi seo.
- Thuairiscigh scoileanna gur bac é an creat reatha um am molta seachtainiúil le cuir chuige oideolaíocha, cuir i gcas spraoi faoi threoir an linbh, agus le bloic níos faide ama a phleanáil d'fhonn foghlaim níos doimhne a dhéanamh in ábhair áirithe, cuir i gcás an stair.

## Lón machnaimh

1. Cé chomh mór a aontaíonn tú/a easaontaíonn tú leis na moltaí i dtaca le h**íos-am curaclaim stáit**? Tabhair cúiseanna le do fhreagra.
2. Cé chomh mór a aontaíonn tú/a easaontaíonn tú leis na moltaí i dtaca le h**am solúbtha**? Tabhair cúiseanna le do fhreagra.
3. Cé na tuairimí atá agat i dtaobh am a roinnt ina **íos-am curaclaim stáit (60%) agus ina am solúbtha (40%)**? Cé na tuairimí atá agat i dtaobh na leithdháiltí céatadánacha ama a mholtar do gach ceann díobh?
4. An bhfuil tú i bhfabhar **leithdháiltí ama** a shainiú do théamaí/ábhair/réimsí curaclaim? Ar chóir am a leithdháileadh ar gach ceann díobh nó ar chóir tosaíocht a thabhairt do chinn áirithe?
5. Sa chás go ndéanfaí am a leithdháileadh, cé na tuairimí atá agat i dtaobh an leithdháileadh sin a dhéanamh in aghaidh **na seachtaine, na míosa, an téarma, na bliana**? Déan ráiteas más mian leat.
6. Ar chóir go mbeadh an céatadán ama a leithdháiltear a bheith difriúil ag brath ar an g**céim den churaclam** atá i gceist? Cén bealach ar chóir athrú a dhéanamh ar an leithdháileadh ama?
7. An aontaíonn tú gur chóir leithdháiltí ama níos socraithe a thabhairt do **Theanga** agus don **Mhatamaitic** i gcomparáid le téamaí/réimsí/ábhair churaclaim? Cé na híos-leithdháilte seachtaine ba chóir a bheith ann?
8. Cé na **deiseanna/dúshláin** a bheadh ann do scoileanna, dar leat, dá mbainfí úsáid as am solúbtha? An bhfuil **treoir** nó tacaíocht de dhíth chuige seo? Má tá, cad air ba chóir don treoir sin díriú?

# Focal scoir

Tá athrú ag teacht ar Éirinn fearacht an domhain trí chéile. Níl aon teorainn le díocas leanaí ó thaobh an eolais, na tuisceana agus an ghnímh de sa luath-óige agus i mbliana na bunscolaíochta. Tá na blianta sin tábhachtach astu féin mar am chun an saol a bhlaiseadh agus taitneamh a bhaint as, mar aon le bonnsraith thábhachtach a leagan síos don am atá le teacht. I bhfocail Dewey (1897), *Education is not a preparation for life. Education is life itself*. Má tá curaclam na bunscoile le leanúint air ag comhlíonadh chuspóir sin an oideachais, ní mór an curaclam a thabhairt cothrom le dáta freisin. Maidir leis na moltaí i dtaca le struchtúr nua curaclaim agus bealach nua chun am a choincheapú agus a úsáid ar fud an churaclaim arna leagan amach sa cháipéis seo, cuireann siad **túsphointí** ar fáil lenar féidir curaclam athfhorbartha bunscoile a shamhlú mar aon leis an úsáid a bhainfeadh scoileanna as.

Ach a ndéanfaí cinntí i dtaobh na gceisteanna struchtúr sin, cuirfear bonn ar fáil chun inneachar an churaclaim a athmheas—téamaí, réimsí agus ábhair churaclaim agus na coincheapa, na meonta agus na scileanna—inneachar atá tábhachtach ó thaobh an oideachais bhunscoile de. Trí athbhreithnithe agus measúnachtaí, d'éiligh múinteoirí go ndéanfaí laghdú ar inneachar an churaclaim, agus go mbeadh aidhmeanna agus torthaí an churaclaim níos soiléire. Léiríonn na teachtaireachtaí sin an tábhacht a bhaineann le curaclam athfhorbartha bunscoile nach bhfuil chomh pulctha céanna, atá níos ábhartha agus a chuidíonn níos fearr le múinteoirí agus le leanaí.

# Tagairtí


Alexander, R. (2009a). Still no pedagogy? Principle, pragmatism and compliance in primary education. *Cambridge Journal of Education*, Iml. 34, Uimh. 1, Márta 2004.

Alexander, R. (2009b). *Children, their World, their Education: Introducing the Cambridge Primary Review*. Londain: Routledge.

Alexander, R., Rose, J., agus Woodhead, C. (1992). *Curriculum Organisation and Classroom Practice in Primary Schools – A discussion paper*. Londain: An Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Faighte ó http://www.educationengland.org.uk/documents/threewisemen/threewisemen.html

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2005). *Primary Curriculum Review, Phase 1: Final Report*. Baile Átha Cliath: NCCA.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2008). *Primary Curriculum Review, Phase 2: Final Report*. Baile Átha Cliath: NCCA.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2009). *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige*. Baile Átha Cliath: NCCA. Faighte ó from www.ncca.ie/earlylearning

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2009). *Aistear: Príomhtheachtaireachtaí na bpáipéar taighde*. Baile Átha Cliath: NCCA.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2010). *Curriculum Overload in Primary Schools: Experiences and reflections from the Learning Site.* Baile Átha Cliath: NCCA.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2010*). Primary School Curriculum: Mapping the developments*. Baile Átha Cliath: NCCA.

An Coimisiún Eorpach/EACEA/Eurydice (2016). Recommended Annual Instruction Time in Full-time Compulsory Education in Europe 2015/16. Eurydice – Facts and Figures. Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh. Faighte ó https://webgate.ec.europa.eu/fpfis/mwikis/eurydice/images/0/0f/197_EN_IT_2016.pdf

An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD) (2012). Equity and Quality in Education: Supporting Disadvantaged Students and Schools. Spotlight Report: Ireland. Tuilleadh eolais ar fáil ag www.oecd.org/edu/equity.

An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD) (2016). Education at a Glance. Tuilleadh eolais ar fáil ag http://www.oecd.org/edu/education-at-a-glance-19991487.htm

An Lárionad Oideachais agus Forbartha don Luath-Óige (CECDE) (2006). *Síolta, an Creat Náisiúnta Cáilíochta don Oideachas Luath-Óige.* Baile Átha Cliath: CECDE.

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (DCYA) (2014). *Better Outcomes, Brighter Futures. The National Policy Framework for Children & Young People 2014-2020*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Rialtais.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (DES) (1999). *Curaclam na Bunscoile: Réamhrá*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Rialtais. Faighte ó http://www.ncca.ie/uploadedfiles/Curriculum/Intro_Eng.pdf

An Roinn Oideachais agus Scileanna (DES) (2011). *Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol*. Faighte ó

https://www.education.ie/ga/Foilseach%C3%A1in/Tuarasc%C3%A1lacha-Beartais/lit_num_strat_summary_ir.pdf

An Roinn Oideachais agus Scileanna (DES) (2015). Creat don tSraith Shóisearach. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna. Faighte ó www.education.ie

Australian Curriculum Assessment and Reporting Authority (2012). *The Shape of the Australian Curriculum: Version 3*. Faighte ó http://www.acara.edu.au/_resources/The_Shape_of_the_Australian_Curriculum_V3.pdf

Byrk, A.S., & Schneider, B.L. (2002). *Trust in Schools: A core resource for improvement.* Russell Sage Foundation.

Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe (1989). *An Coinbhinsiún um Chearta an Linbh.* Sraith na gConarthaí. Imleabhar 1577.

Cumann Múinteoirí Éireann (2015). Curriculum – a discussion paper. Comhdháil Oideachais, Baile Átha Luain 2015.

Dewey, J. (1897). My Pedagogic Creed. *The School Journal, LIV(3),* lgh 77 – 80.

Elkind, D. (2001). *The Hurried Child: Growing Up Too Fast Too Soon*. Perseus Publishing: Nua-Eabhrac. Schle.

Epstein, J. L., agus Sheldon, S. (2006). Moving Forward: ideas for research on school, family, and community partnerships. In C. F. Conrad & R. Serlin, (eag.) *SAGE Handbook for research in education: Engaging ideas and enriching inquiry* (lgh 117-137). Thousand Oaks, CA: Sage Publications.

Feidhmeannas na hAlban (2004). *A Curriculum for Excellence: The Curriculum Review Group*. Dún Éideann: Feidhmeannas na hAlban.

Fisher, J (2011). Building on the Early Years Foundation Stage: developing good practice for transition into Key Stage 1. *Early Years: An International Research Journal*, 31:1, lgh 31-42. Faighte ó http://dx.doi.org/10.1080/09575146.2010.512557.

Fondúireacht Náisiúnta um Thaighde Oideachais (NFER) (2014). *Curriculum Structures and Stages in Primary Education: Audit of Policy Across Jurisdictions.* Coimisiúnaithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. Faighte ó http://www.ncca.ie/en/Publications/Reports/Curriculum-Structures-and-Stages-in-Primary-Education.pdf

Goswami, U. (2015). *Children's Cognitive Development and Learning*. Eabhrac: Cambridge Primary Review Trust.

Gray, C., agus Ryan, A. (2016). Aistear vis-à-vis the Primary Curriculum: the experiences of early years teachers in Ireland. *International Journal of Early Years Education*, Iml. 24, Eagrán 2, lch 188-205 DOI:0.1080/09669760.2016.1155973.

Gromada, A. agus Shewbridge, C. (2016). Student Learning Time: A Literature Review. OECD Education Working Papers, Uimh. 127. OECD Publishing: Páras. Faighte ó http://dx.doi.org/10.1787/5jm409kqqkjh-en

Growing Up in Ireland (2013). *Key Findings No 2: Infant Cohort at five years. Socio-Emotional Wellbeing of Five-Year-Olds*. Faighte ó www.GrowingUp.ie

Hargreaves, A., Earl, L., Moore, S., agus Manning, S. (Márta 2002). *Learning to Change: Teaching beyond Subjects and Standards*. John Wiley & Sons.

Hattie, J.A.C. (2012). *Visible Learning for Teachers: Maximising impact on learning.* Londain: Routledge.

Hedges, H., agus Cullen, J. (2005). Subject Knowledge in Early Childhood Curriculum and Pedagogy: beliefs and practices. *Contemporary Issues in Early Childhood*, Iml. 6, Uimhir 1.

Hedges, H. (2015). Sophia's funds of knowledge: theoretical and pedagogical insights, possibilities and dilemmas. *International Journal of Early Years Education*. 23 (1), 83-96.

HM Inspectorate (2009). *Improving Scottish Education: A Report by HMIE on Inspection and Review 2005-2008*. Glaschú: HM Inspectorate of Education.

Kirk, G., agus Broadhead, P. (2007). *Every Child Matters and Teacher Education: a UCET position paper*. Londain: UCET Occasional Paper Uimh. 17.

Lambert, D. (2008). Why are School Subjects Important? *FORUM*, Iml. 50, Uimh. 2.

Lambert, D. (n.d.). *Why subjects really matter: A personal view*. Geographical Association. Faighte ó www.geography.org.uk

Looney, A. (2016). Cur i láthair neamhfhoilsithe ag *The Ark and Children's Right Alliance, Seen and Heard: 21 Years for Children.* Comhdháil cothrom 21 bliain. Baile Átha Cliath: 17 Samhain 2016.

Lovat, T., agus Toomey, R. (2009). *Values Education and Quality Teaching: The Double Helix Effect*. An Ísiltír: Springer.

McKinsey & Company (2007). *How the world's best-performing school systems come out on top.* Londain: McKinsey and Company.

Marshall, B. (2011). English in the National Curriculum: a simple redraft or a major rewrite? *Curriculum Journal*. 22: 187-99.

Ministry of Education (2007). The New Zealand Curriculum. Wellington: Learning Media.

Morgan, M. (2014). *Stages in Educational/Cognitive Development – Current Status and Implications*. Coimisiúnaithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. Neamhfhoilsithe.

Mourshed, M., Chijioke, C., agus Barber, M. (2010). *How the World's Most Improved Systems Keep Getting Better*. Londain: McKinsey and Company.

Oates, T. (2010). *Could Do Better: Understanding International Comparisons to Refine the National Curriculum in England*. Cambridge: University of Cambridge.

O'Kane, M. (2016). *Transition from Preschool to Primary School – Tuarascáil Taighde Uimh. 19*. Baile Átha Cliath: NCCA.

Pepper, D. (2008). *Primary curriculum change: directions of travel in 10 countries*. Londain: Qualifications and Curriculum Authority International Unit.

Priestley, M., agus Biesta, G. (2013). *Reinventing the Curriculum: New Trends in Curriculum Policy and Practice.* Londain: Bloomsbury.

Priestley, M. (2010). Curriculum for Excellence: transformational change or business as usual? *Scottish Educational Review* 42: 23-36.

Rialtas na hAlban (2008). *A Curriculum for Excellence - Building the Curriculum 3: A Framework for Learning and Teaching.* Dún Éideann: Rialtas na hAlban.

Rose, J. (2009). *Independent Review of the Primary Curriculum: Final Report (Rose Report).* Department for Children. Schools and Families. Nottingham: DCSF.

Schleicher, A. (2012). *Preparing Teachers and Developing School Leaders for the 21st Century: Lessons from around the world.* OECD publishing.

Shaeffer, S. (2006). *Formalise the Informal or 'informalise' the formal: The Transition from ECCE setting to primary*. International Institute for Educational Planning Newsletter, Iml. 24, Uimh. 1, Páras, UNESCO, International Institute for Educational Planning (IIEP).

Sloan, W. M. (2012). What is the Purpose of Education? In *Education Update*, Iml. 54, Uimh. 7. Association for Supervision and Curriculum Development. Faighte ó http://www.ascd.org/publications/newsletters/education-update/jul12/vol54/num07/What-Is-the-Purpose-of-Education%C2%A2.aspx

Sugrue, C. (2004). *Curriculum and Ideology: Irish experience, International perspectives.* Baile Átha Cliath: The Liffey Press.

UNESCO agus Center for Universal Education at Brookings (2013). *Toward Universal Learning, Recommendations from the Learning Metrics Task Force. Summary Report*. Faighte ó www.uis.unesco.org/Education/.../lmtf-summary-rpt-en.pdf.


Walsh, G. (2015). *Infusing Playfulness into Teaching and Learning.* Ábhar Tacaíochta do Churaclam Teanga na Bunscoile. Baile Átha Cliath: An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. Faighte ó www.curriculumonline.ie.

Young, M. (2010). Alternative Educational Futures for a Knowledge Society. *European Educational Research Journal*, Iml. 9, Uimh. 1. Faighte ó http://eer.sagepub.com/content/9/1/1

Young, M., agus Muller, J. (2010). Three educational scenarios for the future: lessons from the sociology of knowledge. *European Journal of Education*. 45: 11-27.

# Aguisín 1: Téamaí *Aistear*

**Fíor: Struchtúr churaclam Aistear - ceithre théama**




Tugann an tábla seo thíos cur síos gairid ar gach ceann de na ceithre théama agus ar an gcaoi a gcuidíonn sé le foghlaim agus le forbairt leanaí i mblianta na luath-óige.

**Tábla: Spléachadh ar na téamaí**

| Spléachadh ar na téamaí |
|---|
| Féinmhuinín, sonas agus sláinte leanaí atá i gceist le *Folláine*. Díríonn sé ar fhorbairt mar dhuine. Tá dhá phríomhghné san fholláine: folláine shíceolaíoch (mothú agus smaointeoireacht san áireamh) agus folláine fhisiciúil. (lch 16) |
| Baineann an téama *Féiniúlacht agus Muintearas* le leanaí a bheith ag forbairt tuiscint dhearfach ar cé hiad féin agus a mhothú go bhfuil meas orthu mar chuid de theaghlach agus de phobal. (lch 25) |
| Is éard atá i gceist leis an téama *Cumarsáid* ná go roinnfeadh leanaí a n-eispéiris, a smaointe, a dtuairimí agus a mothúcháin le daoine eile agus go rachadh a bhféinmhuinín agus inniúlacht i méid ar bhealaí éagsúla agus chun críocha éagsúla. Áiríonn a dteanga focail, frásaí agus abairtí, ealaín, Braille, damhsa, drámaíocht, ceol, filíocht, pictiúir, dealbhóireacht, canadh agus scéalta. (lch 34) |
| Is éard atá i gceist leis an téama T*aiscéalaíocht agus Smaointeoireacht* ná cuidiú le leanaí brí a bhaint as rudaí, áiteanna agus daoine atá sa saol trí idirghníomhú le daoine eile, súgradh leo, iniúchadh, ceistiú, agus trí smaointe a fhoirmiú, a thástáil agus a thabhairt chun míneadais. Foirmíonn siad smaointe agus teoiricí agus baineann siad triail astu. (lch 43) |

Seans go gcuirfeadh téamaí Aistear struchtúr curaclaim ar fáil a bheadh ag teacht níos fearr leis an gcaoi a bhfoghlaimíonn leanaí idir ceithre agus seacht mbliana d'aois. D'fhéadfadh go dtacódh an t-athrú struchtúir sin le hathruithe oideolaíocha, cuir i gcás úsáid níos fearr a bhaint as spraoi faoi threoir an linbh agus eispéiris spraíúla foghlama ar fud an churaclaim i luathbhlianta na bunscolaíochta.